# Tuarascáil ar an Dréacht-Ghréasán Nua

AIBREÁN 2023

BUS CONNECTS GAILLIMH

IOMPAR INBHUANAITHE DO CHATHAIR NÍOS FEARR.

Arna hullmhú ag Jarrett Walker & Associates agus SYSTRA thar ceann an Údaráis Náisiúnta Iompair

# Clár Ábhar

**1 Achoimre Fheidhmeach ........ 4**

Cad is BusConnects na Gaillimhe ann? . . . . 5
Cad atá i gCeist le hAthdhearadh an Ghréasáin? . . . . 6
An Limistéar Staidéir . . . . 7
Níos Mó Infheistíochta sa tSeirbhís. . . . . 8
Conas na Léarscáileanna den Ghréasán a Léamh . . . . 9
Léarscáil den Dréacht-Ghréasán Nua. . . . . 10
Léarscáil den Ghréasán atá ann cheana, 2022. . . . . 11
Seirbhís chuig Níos Mó Limistéar . . . . 12
Minicíochtaí Níos Airde agus Bealach Nua 24 hUaire an Chloig . . . . 13
Níos Mó Rochtana ar Dheiseanna . . . . 14
Rochtain Mhéadaithe ar Fud na Cathrach. . . . . 16
Léarscáil de Rochtain Cónaitheoirí ar Phoist ar Laethanta le linn na Seachtaine . . . . 17
Léarscáil de Rochtain Fostóirí ar Oibrithe ar Laethanta le linn na Seachtaine . . . . 18
Seirbhís Mhear Iontaofa le Nasc Traschathrach. . . . . 19
Conas Foghlaim faoin Dréacht-Ghréasán Nua . . . . 21

**2 Prionsabail Deartha Bealaí agus Gréasáin........ 22**

Cad is Cúis le Gréasán Úsáideach? . . . . 23
Minicíocht . . . . 24
Seirbhísí Gathacha vs. Cuarsheirbhísí . . . . 26
Naisc nó Castacht? . . . . 27

**3 An Gréasán Bus atá ann cheana ........ 29**

Léarscáil den Ghréasán atá ann cheana, 2022. . . . . 31
Minicíochtaí agus Uaireanta Seirbhíse atá ann cheana. . . . . 32
Gaireacht d'Aon Seirbhís, agus Seirbhís Mhinic . . . . 33
Léarscáil de Chumhdach an Ghréasáin atá ann cheana . . . . 34

**4 Anailís ar Mhargaí agus ar Riachtanais ........ 35**

Dlús Cónaithe . . . . 37
Dlús Post agus Oideachais . . . . 39
Dlús Gníomhaíochta . . . . 41
Dlús na dTeaghlach gan Charr. . . . . 43
Leibhéil Saibhris nó Díothachta. . . . . 45
Dlús Cónaitheoirí Dífhostaithe. . . . . 47
Dlús Daoine Óga. . . . . 49
Dlús Seanóirí . . . . 51
Nascacht an Ghréasáin Siúil . . . . 53
Pátrúnacht, Éifeachtúlacht agus an Timpeallacht Thógtha. . . . . 55

**5 Forbhreathnú ar an Dréacht-Ghréasán Nua ........ 67**

Conas na Léarscáileanna den Ghréasán a Léamh . . . . 68
Léarscáil den Dréacht-Ghréasán Nua. . . . . 69
An tSeirbhís Bheartaithe i Lár na Cathrach . . . . 70
Athruithe i gCumhdach. . . . . 71
Léarscáil de Chumhdach an Dréacht-Ghréasáin Nua . . . . 72
Minicíochtaí Níos Airde agus Bealach Nua 24 hUaire an Chloig . . . . 73
Tuairisc de réir an Bhealaigh . . . . 74

**6 Comparáid idir an Gréasán atá ann cheana agus an Dréacht-Ghréasán Nua ........ 75**

Iompar Poiblí agus Rochtain ar Dheiseanna. . . . . 76
Rochtain Fheabhsaithe ó Láithreacha Samplacha . . . . 78

An Fhaiche Mhór . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 79
Ionad Siopadóireachta Gateway . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 80
Páirc an Chaisleáin . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 81
Bóthar na Trá. . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 82
Méaduithe sa Rochtain ar Fud na Cathrach . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 83
Léarscáil de Rochtain Cónaitheoirí ar Phoist ar Laethanta le linn na Seachtaine . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 84
Léarscáil de Rochtain Cónaitheoirí ar Phoist ar an Satharn. . . . . . . . . . . 85
Léarscáil de Rochtain Cónaitheoirí ar Phoist ar an Domhnach. . . . . . . . 86
Léarscáil de Rochtain Fostóirí ar Oibrithe ar Laethanta le linn na Seachtaine . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 87
Léarscáil de Rochtain Fostóirí ar Oibrithe ar an Satharn . . . . . . . . . . . . . 88
Léarscáil de Rochtain Fostóirí ar Oibrithe ar an Domhnach . . . . . . . . . . 89
Gaireacht do Sheirbhís de Mhinicíochtaí Éagsúla . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 90

**Aguisín A.................................................................... 96**

Minicíochtaí agus Raonta an Ghréasáin atá ann cheana (Téacs) . . . . . . 97
Minicíochtaí agus Raonta an Dréacht-Ghréasáin Nua (Téacs) . . . . . . . . 99

# 1 Achoimre Fheidhmeach

# Cad is BusConnects na Gaillimhe ann?

Is é is BusConnects ann ná clár um infheistíocht iompair phoiblí i mór-lárionaid uirbeacha na hÉireann. Déanann an tÚdarás Náisiúnta Iompair (an tÚdarás) é a fhorbairt agus a bhainistiú, agus cistíonn Tionscadal Éireann 2040 é.

Tá a lán gnéithe ar áireamh in BusConnects:

- An gréasán bus a athdhearadh
- Conairí nua bus agus lánaí nua rothar a thógáil
- Córas ticéadaithe úrscothach a chur chun feidhme
- Córas íocaíochta gan airgead tirim a chur chun feidhme
- Struchtúr táillí níos simplí
- Libhré nua bus
- Stadanna agus scáthláin nua bus
- Láithreacha nua Páirceála agus Taistil ag príomhláithreacha
- Aistriú chuig flít nua busanna astaíochtaí nialasacha

Tá roinnt de na gnéithe sin ar bun cheana féin i nGaillimh. Tá conairí tosaíochta bus trí lár na cathrach agus feadh Bhóthar Bhaile Átha Cliath á bpleanáil. Cuireadh busanna nua buí glasa TFI in ionad a lán seanbhusanna, agus cuirfear busanna ceallra-leictreacha nua leis an bhflít áitiúil sa bhliain 2023.

Trí BusConnects na Gaillimhe a chur i gcrích, cabhrófar leis na straitéisí beartais




Rialtais seo agus na pleananna áitiúla seo a réadú:

- An Plean Forbartha Náisiúnta 2021-2030
- An Plean Gnímh don Aeráid 2023
- Nasc Traschathrach
- BusConnects na Gaillimhe: Bóthar Bhaile Átha Cliath
- Straitéis Iompair na Gaillimhe
- Plean Forbartha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe
- Straitéis Iompair agus Pleanála Chontae na Gaillimhe
- An Beartas maidir le Soghluaisteacht Inbhuanaithe

Chomh maith leis sin, beidh athdhearadh an ghréasáin bus seo agus an comhairliúchán poiblí mar bhonn eolais leis an athrú chun dáta a dhéanfar ar an Straitéis Iompair do Limistéar Ceannchathartha na Gaillimhe, rud a thosóidh i mbliana.

# Cad atá i gCeist le hAthdhearadh an Ghréasáin?

Tháinig forbairt mhall ar ghréasán bus na Gaillimhe de réir mar a tháinig fás ar an gcathair. Sa bhliain 2016, sainaithníodh i Straitéis Iompair na Gaillimhe feabhsuithe ar an ngréasán uirbeach bus a cuireadh chun feidhme go páirteach sna blianta ó shin i leith.

I bhfianaise fhás na Gaillimhe, agus i bhfianaise na n-iarrachtaí náisiúnta na hastaíochtaí carbóin ón iompar a laghdú, tá géarghá ann le seirbhísí bus i nGaillimh a athmheas agus le hathinfheistiú iontu.

Céim amháin sa phróiseas is ea athdhearadh an ghréasáin seo. Tá na comhlachtaí seo a leanas ag obair i gcomhar le chéile chun an gréasán a athdhearadh:

- An tÚdarás Náisiúnta Iompair
- Comhairle Cathrach na Gaillimhe
- Comhairle Contae na Gaillimhe
- City Direct
- Bus Éireann

Is iad City Direct agus Bus Éireann oibritheoirí na seirbhísí uirbeacha bus i nGaillimh.

**Is é atá in athdhearadh an ghréasáin bus ná athbhreithniú ar cé na háiteanna ar cheart seirbhísí bus a sholáthar iontu agus cé chomh minic agus ba cheart iad a sholáthar.** Áirítear leis sin na bóithre a n-oibríonn busanna orthu, amanna agus laethanta seirbhíse, minicíochtaí, láithreacha stad agus an dóigh a gcómhalartóidh paisinéirí idir bealaí.

Tá an gréasán á athcheapadh ó bhonn, in ionad é a choigeartú ón ngréasán atá ann cheana. Ní ghlactar leis in aon chor gur gá na patrúin seirbhíse bus atá ann ó oidhreacht a choinneáil ar bhun ar mhaithe le traidisiún nó chun athruithe a sheachaint.

An méid sin ráite, luíonn a lán codanna de ghréasán bus na Gaillimhe le réasún sa lá atá inniu ann, agus coimeádtar iad agus cuirtear leo sa Dréacht-Ghréasán Nua.

## An Próiseas Athdheartha

Tá an tuarascáil seo ar an mbonn leis an gcomhairliúchán poiblí ar an Dréacht-Ghréasán Nua agus le haiseolas ón bpobal a bhailiú. Tosóidh an comhairliúchán poiblí an 24 Aibreán agus táthar ag súil go mairfidh an comhairliúchán sé seachtaine ina dhiaidh sin.

Áirítear leis an tuarascáil seo:

- Measúnú ar an éileamh atá ann cheana ar an iompar poiblí agus ar an ngá leis an iompar poiblí.
- Eochairphrionsabail agus roghanna maidir leis an ngréasán bus a athdhearadh
- Togra an Dréacht-Ghréasáin Nua.

Ós rud é gur ní a mbraitheann duine éigin air é gach mionsonra ar leith den ghréasán atá ann cheana, tá an tÚdarás ag súil leis go bhfaighfear raon leathan tuairimí dearfacha agus diúltacha. Beidh aon athrú mór ar ghréasán bus ina údar míchaoithiúlachta do roinnt daoine, fiú i gcás go rachaidh sé chun tairbhe don chuid is mó de dhaoine.

A luaithe a bheidh tuiscint gnóthaithe ag an bhfoireann pleanála ar an aiseolas ar an Dréacht, dearfar Gréasán Nua Deiridh. Maidir leis na hathruithe bealaigh a bheadh comhsheasmhach le plean an Ghréasáin Nua Deiridh, tá sé beartaithe tús a chur le hiad a chur chun feidhme sa bhliain 2025.

## Na Bealaí atá faoi Athbhreithniú

Dírítear san athdhearadh gréasáin seo ar Chathair na Gaillimhe, ar Bhearna agus ar Órán Mór. Áirítear na bealaí uirbeacha seo a leanas leis:

| Bealach | Oibritheoir |
|---|---|
| 401 | Bus Éireann |
| 402 | Bus Éireann |
| 404 | Bus Éireann |
| 405 | Bus Éireann |
| 407 | Bus Éireann |
| 409 | Bus Éireann |
| 410 | City Direct |
| 411 | City Direct |
| 412 | City Direct |
| 414 | City Direct |
| 424[1] | Bus Éireann |

1 Cuid Bhearna agus na Gaillimhe de Bhealach 424 amháin.

# An Limistéar Staidéir

Leis an limistéar staidéir le haghaidh athdhearadh an ghréasáin seo, cumhdaítear an gréasán uirbeach bus a soláthraíonn Bus Éireann agus City Direct é i gCathair na Gaillimhe, i mBearna agus in Órán Mór. Ní áirítear leis an limistéar staidéir bailte atá lonnaithe níos faide anonn amhail Baile Chláir agus Maigh Cuilinn.

Rinneadh seirbhísí bus sna bailte beaga sin agus i limistéir eile de Chontae na Gaillimhe a athbhreithniú mar chuid den Phlean Soghluaisteachta Tuaithe 'Éire a Nascadh', ar tionscnamh náisiúnta é a bhfuil mar aidhm leis feabhas a chur ar an iompar poiblí lasmuigh de chathracha móra agus de bhailte móra.

Agus pleanáil á déanamh le haghaidh an Dréacht-Ghréasáin Nua, áfach, rinneadh na conairí ar dóigh go leanfaidh seirbhísí tuaithe agus idirchathrach iad de réir mar a théann siad isteach i gCathair na Gaillimhe a shainaithint agus a mharcáil ar an léarscáil.

***Mar thoradh ar an athdhearadh gréasáin, d'fhéadfadh go n-athrófaí na bóithre a n-oibríonn busanna orthu, amanna agus laethanta seirbhíse, minicíochtaí, láithreacha stad agus an dóigh a gcómhalartaíonn daoine.***



# Níos Mó Infheistíochta sa tSeirbhís

## Seirbhís Bhreise

Ní thugtar aghaidh ar spriocanna áitiúla nó náisiúnta le haghaidh fáis, cháilíocht na beatha agus inbhuanaitheachta leis an ngréasán bus atá ann cheana. Tá an tÚdarás Náisiúnta Iompair ag moladh méadú suntasach sa tseirbhís trí BusConnects na Gaillimhe.

**Leis an Dréacht-Ghréasán Nua, mhéadófaí an tseirbhís bus i ngréasán uirbeach na Gaillimhe faoi 50%, beagnach.** Áirítear leis an méadú sin roinnt seirbhíse is féidir a fheiceáil ar léarscáil – amhail codanna bealaigh nua – agus roinnt seirbhíse is féidir a fheiceáil ar amchláir:

- Trí bhealach a oibreoidh gach 15 nóiméad nó níos minice ó Luan go Satharn.
- Minicíochtaí feabhsaithe, agus níos mó bealaí a bheith á dtairiscint ag an deireadh seachtaine.
- Níos mó seirbhíse sa tráthnóna.
- Seirbhís 24 huaire an chloig idir an taobh thoir agus an taobh thiar den chathair.

## Pátrúnacht vs. Cumhdach

Ceann de phríomhspriocanna an iompair phoiblí is ea ardphátrúnacht. Tríd is tríd, tagann ardphátrúnacht chun cinn nuair atá a lán daoine á nascadh ag seirbhís atá minic, mear agus líneach. Teastaíonn ardphátrúnacht chun spriocanna aeráide, fáis agus inchónaitheachta a chomhlíonadh.

Ní hí pátrúnacht an t-aon sprioc *amháin* atá ag an iompar poiblí, áfach. Bítear ag súil freisin go soláthróidh an t-iompar poiblí roinnt seirbhíse do gach limistéar uirbithe, fiú i gcás nach mbeidh ach roinnt bheag daoine ag cónaí nó ag obair iontu, agus fiú i gcás go mbeidh an phátrúnacht íseal. Tá sé mar chuspóir le seirbhís den sórt sin leithlisiú a chosc agus tacú le riachtanais soghluaisteachta daoine, is cuma cén áit a gcónaíonn siad ann.

Tá an dá sprioc sin san iomaíocht lena chéile. Dá mhéad seirbhíse a dhírítear ar bhealaí minice uile-lae, sna limistéir a bhfuil an chuid is mó de dhaoine ag cónaí agus ag obair iontu, is ea is lú an méid is féidir í a leathadh amach chun gach limistéar a chumhdach.

Níltear ag súil go meallfar ardphátrúnacht chuig gach ceann de na bealaí atá beartaithe sa Dréacht-Ghréasán Nua. Comhlíonfaidh roinnt díobh an cuspóir arb é atá ann limistéar ar dóigh go mbeidh an phátrúnacht íseal iontu, ach a mbeidh an tseirbhís tábhachtach iontu dá ainneoin sin, a chumhdach.

### Cén fáth a bhfuil ardphátrúnacht tábhachtach?

- Chun an tseirbhís a dhéanamh níos úsáidí do níos mó daoine
- Chun tacú le dlúthfhorbairt insiúlta
- Chun feabhas a chur ar an rochtain ar phoist, ar oideachas agus ar dheiseanna eile do líon ard daoine
- Chun daoine a spreagadh chun aistriú ón gcarr chuig an iompar poiblí
- Chun plódú a chomhrac
- Chun astaíochtaí carbóin a laghdú

### Cén fáth a bhfuil cumhdach tábhachtach?

- Chun cuimsiú sóisialta agus eacnamaíoch a chur chun cinn, beag beann ar cén áit a gcónaíonn daoine
- Chun leithlisiú a chosc do dhaoine a gcónaíonn i limistéir a bhfuil daonra íseal acu
- Chun tairbhí an iompair phoiblí a sholáthar do gach duine

# Conas na Léarscáileanna den Ghréasán a Léamh



## Léiríonn na Dathanna an Mhinicíocht

Sna léarscáileanna ar an gcéad dá leathanach eile, **is don mhinicíocht a sheasann na dathanna bealaigh.** Tá na bealaí uile dathchódaithe de réir a minicíochta ar laethanta le linn na seachtaine ag meán lae.

- Tugann línte **dúdhearga** seirbhís an-mhinic le fios, áit a dtagann bus gach 10 nóiméad.
- Tugann línte **dearga** seirbhís mhinic le fios, áit a dtagann bus gach 15 nóiméad nó níos minice.
- Tugann línte **corcra** bealaí ina dtagann bus gach 20 nóiméad le fios.
- Tugann línte **dúghorma** bealaí ina dtagann bus gach 30 nóiméad le fios.
- Tugann línte **bánghorma** bealaí ina dtagann bus gach 60 nóiméad le fios.

## Uimhreacha Bealaigh Nua

Tugadh uimhreacha uathúla do gach ceann de na bealaí atá beartaithe, chun idirdhealú a dhéanamh idir iad agus bealaí atá ann cheana de chuid na Gaillimhe.


Más rud é, áfach, go bhfuil bealach atá beartaithe an-chosúil le bealach atá ann cheana, tugtar uimhir ghaolmhar dó. Mar shampla:

- Tá Bealach 1 atá beartaithe cosúil le Bealach 401 atá ann cheana.
- Tá Bealach 4 atá beartaithe cosúil le Bealach 404 atá ann cheana.
- Tá Bealach 9 atá beartaithe cosúil le Bealach 409 atá ann cheana.

Ní uimhreacha deiridh iad na huimhreacha atá beartaithe, agus is féidir go n-athrófar iad sula gcuirfear an Gréasán Nua Deiridh i bhfeidhm.

## Bealaí a Scoilteadh ina gCraobhacha

Dhéanfaí roinnt bealaí sa Dréacht-Ghréasán Nua a scoilteadh, mar a léirítear ar na léarscáileanna lena ngabhann an léaráid seo:




**Ní cómhalartuithe iad sin.** Tagann na busanna ar na "craobhacha" neamh-mhinice le chéile chun "trunc" níos minice a chruthú.

Sa sampla ag an mbarr, tá Bealach 10 ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath comhdhéanta de Bhealaí 10A agus 10B i dtreo Órán Mór agus amach as. Tairgeann Bealach 10A agus Bealach 10B araon minicíocht 30 nóiméad agus, mar a bhfuil siad le chéile ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath, tá siad sceidealaithe sa tslí is go dtiocfaidh ceachtar acu gach 15 nóiméad.

Tá sé sin amhlaidh freisin i gcás Bhealaí 9A agus 9B san iarthar, a thagann le chéile chun Bealach 9 a chruthú agus a leanann ar aghaidh go lár na cathrach agus go dtí an Pháirc Mhór.

## Éire a Nascadh

Ar an léarscáil ar an gcéad leathanach eile, marcáiltear leis an lipéad "CI" na bealaí lena nasctar Gaillimh leis an gCeathrú Rua, leis an gClochán, le Tuaim, le Caisleán an Bharraigh, le Clár Chlainne Mhuiris, le Baile Chláir, leis an gCreagán, le Baile Átha Luain agus le Luimneach. Pleanálfar na bealaí sin i bpróiseas leithleach tríd an tionscnamh 'Éire a Nascadh'. Tabharfar aghaidh sa phróiseas sin ar na bailte a bhfreastalaíonn siad orthu, ar a minicíochtaí agus ar a n-uaireanta seirbhíse. Is naisc thábhachtacha iad na naisc idir na bealaí idiruirbeacha sin agus gréasán uirbeach na Gaillimhe, agus is é sin an fáth a léirítear iad ar léarscáil an Dréacht-Ghréasáin Nua.

## Tuairiscí ar na Bealaí

Tugtar tuairiscí de réir na sráideanna ar gach bealach atá beartaithe ar leathanach 74.


Tugtar tuairiscí ar na minicíochtaí agus na raonta (uaireanta seirbhíse) atá beartaithe ar leathanach 98.

# Léarscáil den Dréacht-Ghréasán Nua




Chun féachaint níos grinne ar an Dréacht-Ghréasán Nua, bain úsáid as na hacmhainní atá ar fáil ag busconnects.ie/galway, go háirithe an léarscáil ar líne.

# Léarscáil den Ghréasán atá ann cheana, 2022



# Seirbhís chuig Níos Mó Limistéar




Leis an Dréacht-Ghréasán Nua, sholáthrófaí seirbhís nua i limistéir áirithe nach mbítear ag freastal orthu faoi láthair. Marcáiltear iad i ndath buí ar an léarscáil thíos, agus áirítear na limistéir seo a leanas leo:

- Bóthar Bhaile an Mhóinín Uachtarach
- An chuid theas den Chuarbhóthar
- Ros Cam
- Bóthar an Chósta, idir Cathair na Gaillimhe agus Órán Mór
- An t-imeall theas d'Eastát Tionscail Pháirc na bhFianna
- Bóthar an Stáisiúin in Órán Mór
- Cnoc Odhráin

Toradh eile a bheadh ar an Dréacht-Ghréasán Nua ba ea go mbainfí seirbhís de roinnt bóithre, a mharcáiltear i ndath bándearg ar an léarscáil thíos. Sna cásanna sin, ba bheag a bheadh an líon iomlán daoine a ndéanfaí difear dóibh, ach sholáthrófaí seirbhís fheabhsaithe faoi fhad gearr siúil. Dá mbainfí an dornán codanna beaga sin, rachfaí chun tairbhe do líon ard daoine toisc go ndéanfaí bealaí bus níos líní agus níos dírí agus go ndéanfaí an gréasán níos simplí dá bharr.

Ar an iomlán, mhéadófaí ó 62% go 67% an sciar de chónaitheoirí atá laistigh de 400 méadar ó stad bus (ar turas thart ar chúig nóiméad de shiúl na gcos é), agus méadú cosúil ann sa sciar de phoist atá gar do stad bus.



# Minicíochtaí Níos Airde agus Bealach Nua 24 hUaire an Chloig

Leis an Dréacht-Ghréasán Nua, chuirfí feabhas ar mhinicíochtaí ar a lán bealaí, go háirithe ag an deireadh seachtaine.

- In ionad dhá bhealach a thairgeann ardmhinicíocht faoi láthair (gach 15 nóiméad nó níos minice), **thairgfeadh trí bhealach ardmhinicíocht** agus chumhdódh gach ceann díobh a lán ciliméadar ar an dá thaobh den chathair.
- Mar thoradh air sin, **bheadh 33% de chónaitheoirí laistigh de 400 m ó sheirbhís mhinic, i gcomparáid le 19% ar an ngréasán atá ann cheana**.
- Ar **an Satharn**, bheadh an feabhsú níos mó fós, agus **33% de chónaitheoirí gar do bhealach minic, i gcomparáid le 10% faoi láthair**.


De bhreis ar fheabhsuithe ó thaobh minicíochta de, d'oibreodh roinnt bealaí ar feadh tréimhse níos faide ar maidin agus san oíche.

Thairgfeadh Bealach 9 atá beartaithe (atá cosúil le Bealach 409 atá ann cheana) seirbhís thar oíche, uair amháin in aghaidh na huaire, a thrasnódh an chathair ó Chnoc na Cathrach san iarthar, tríd an lár, go Dabhach Uisce agus an Pháirc Mhór san oirthear.

Cabhraíonn seirbhís 24 huaire an chloig le daoine atá ag obair nó ag sóisialú san oíche dul abhaile go sábháilte, agus cabhraíonn sí le daoine a thaistealaíonn chun na hoibre go han-luath ar maidin na turais sin a dhéanamh freisin.

Sa ghrafaic thíos, úsáidtear dathanna chun cur síos a dhéanamh ar mhinicíocht bheartaithe gach bealaigh de réir an ama agus an lae. Tugtar táblaí téacs a bhfuil an fhaisnéis chéanna iontu in Aguisín A.

**Minicíochtaí Bhealaí Bus Dhréacht-Ghréasán na Gaillimhe**




**Nótaí** * Ní léirítear ar an gcairt seo ach minicíocht thurais Bhealach 424 idir Stáisiún an Cheanntaigh agus Bearna. Leanfaidh roinnt turas ar Bhealach 424 ar aghaidh go dtí an Cheathrú Rua, go Leitir Mealláin agus go Cearna, i measc áiteanna eile, agus amach astu araon.

# Níos Mó Rochtana ar Dheiseanna

Ní féidir a thuar cá mhéad duine go díreach a d'fhéadfadh gréasán feabhsaithe bus a úsáid. Ní bhíonn sé indéanta an todhchaí a thuar, mar a chonaiceamar le paindéim Covid-19 le déanaí. Is féidir samhlacha réamhaisnéise a úsáid chun pátrúnacht iompair phoiblí sa todhchaí a thuar. Chun iad a úsáid, áfach, ní mór dúinn an iliomad toimhdí a dhéanamh faoin todhchaí. Beidh roinnt de na toimhdí sin, ar a laghad, mícheart sa deireadh.


Ar leibhéal an duine aonair, tá sé doiligh freisin pátrúnacht iompair phoiblí a thuar. Tá sé doiligh a thuar conas a dhéanfaidh duine a chinntí taistil nó a cinntí taistil sa todhchaí má thagann athruithe ar an áit a gcónaíonn sé nó sí ann, ar an áit a n-oibríonn sé nó sí ann, ar phraghsanna breosla, ar phlódú tráchta, ar cháilíocht na seirbhíse iompair phoiblí, ar fheabhsuithe ar shaoráidí rothaíochta agus siúil, agus ar a chumas nó a cumas féin chun carr a thiomáint, i measc nithe eile.

Ós rud é go bhfuil an oiread sin éiginnteachta ann, is féidir linn a bheith ag brath ar shlata tomhais níos simplí lena ndírítear ar na hiarmhairtí garthéarma a bhíonn ag athruithe agus lena n-éilítear níos lú toimhdí faoin todhchaí. Slat tomhais amháin den sórt sin is ea "rochtain", rud a dtugtar "inrochtaineacht" air in amanna freisin. Le rochtain, tomhaistear cé chomh húsáideach is atá gréasán iompair phoiblí d'aon duine ag a bhfuil méid teoranta ama le caitheamh ag taisteal.

Tá an t-iompar poiblí úsáideach a mhéid a chuireann sé ar chumas daoine dul chuig na háiteanna ar mhaith leo dul chucu, agus déanamh amhlaidh laistigh de thréimhse réasúnach ama. **Dá mhéad ceann scríbe is féidir leat a shroicheadh laistigh de thréimhse réasúnach ama is ea is mó an rochtain a bhíonn agat ar dheiseanna.**

Nuair a thomhaisimid rochtain, mar a léirítear ar dheis, úsáidimid sonraí Daonáirimh ina léirítear cá bhfuil daoine ag cónaí agus ag obair. Úsáidimid uimhríocht ansin chun na hagaí taistil idir na cónaitheoirí agus na poist uile a shuimiú. Déantar cur síos ar an uimhríocht sin ar an gcéad leathanach eile.

Modh iontaofa le haghaidh pátrúnacht a mhéadú is ea cathracha agus a ngréasáin iompair phoiblí a dhearadh sa dóigh is go mbeidh rochtain ag níos mó daoine ag níos mó deiseanna.



## Cé na tosca a dhéanann difear don rochtain ar dheiseanna?

Déanann na nithe seo a leanas difear don rochtain ar dheiseanna d'iompar poiblí:

- **Cá mhéad ceann scríbe atá gar don iompar poiblí**
- **Cá fhad is gá do dhuine taisteal de shiúl na gcos** chuig an tseirbhís agus ón tseirbhís
- **Cá fhad is gá do dhuine feitheamh** le haghaidh na seirbhíse
- **Cé chomh fada agus is gá do dhuine taisteal** san fheithicil iompair phoiblí
- **Luas** na feithicle
- **Cá fhad is gá do dhuine feitheamh chun cómhalartú** idir seirbhísí

Tá smacht ag oibritheoirí iompair phoiblí ar roinnt de na tosca sin: an t-aga feithimh, an cómhalartú, cé chomh díreach is atá an bealach, cén áit a soláthraítear seirbhís.

Tá níos lú smachta acu, nó níl aon smacht acu, ar thosca eile a dhéanann difear do rochtain: luas an iompair phoiblí, faid taistil, nó cén áit a bhfuil poist agus tithe lonnaithe. De ghnáth, bíonn na tosca sin faoi smacht na n-údarás áitiúil toisc go mbainistíonn siad úsáid talún, forbairt agus bóithre.

## Agaí Turais a Mheas

Nuair a labhraíonn daoine faoi agaí turais iompair phoiblí, is minic a dhíríonn siad ar an am a chaitear ar an mbus. Áirítear le turais iompair phoiblí freisin an t-am a chaitear ag siúl agus ag feitheamh, ar mó é uaireanta ná an t-am a chaitear ar an bhfeithicil féin.

### Siúl chuig an stad agus uaidh araon

Is trí shiúl a thosaítear agus a chríochnaítear formhór na dturas iompair phoiblí.

### Feitheamh leis an gcéad bhus eile


Ní bhíonn ort feitheamh i dtús do thurais amháin, bíonn ort feitheamh ag deireadh an turais freisin. Cé gur féidir leat an baile a fhágáil tamaillín sula n-imíonn do bhus, tarlaíonn sé, má thagann do bhus go hainmhinic, gur minic gur gá duit do cheann scríbe a shroicheadh go róluath ionas nach mbeidh tú mall.

Más gá duit cómhalartú, beidh ort feitheamh uair amháin eile.

Tarlóidh sé ar an meán go gcaithfidh gach paisinéir thart ar aon leath de mhinicíocht na mbealaí atá i gceist a chaitheamh ag feitheamh.

### Ar bhord na feithicle

Déanann an fad agus an luas difear don am a chaitear ar bord. Agus agaí taistil ar an Dréacht-Ghréasán Nua á suimiú againn, d'úsáideamar toimhdí coimeádacha (malla) agus níor chuireamar na luasanna níos tapa san áireamh. Thiocfadh sé sin as Nasc Traschathrach. Is é an toradh a bheidh ar fheabhsuithe ar luasanna ná go dtiocfaidh méadú ar an rochtain atá ag tuilleadh daoine ar phoist.



# Rochtain Mhéadaithe ar Fud na Cathrach

Maidir leis na feabhsuithe rochtana a thiocfadh as an Dréacht-Ghréasán Nua, anailísíodh iad ó thaobh na nithe seo a leanas de:

- Turais ó dhoras go doras a mhaireann 30 nóiméad nó níos lú agus a mhaireann 45 nóiméad nó níos lú.
- Buaicthráthanna tráchta agus meán lae.
- Laethanta le linn na seachtaine, an Satharn agus an Domhnach.
- Na cónaitheoirí uile agus na poist uile.
- Daoine nach bhfuil carr acu; cónaitheoirí na limistéar a bhfuil ard-díothacht shóisialta iontu; agus cónaitheoirí óga, dífhostaithe agus sinsearacha.

Ar **laethanta le linn na seachtaine**:

- D'fhéadfadh an meánchónaitheoir 38% **níos mó** de phoist a rochtain laistigh de 30 nóiméad agus 13% níos mó de phoist a rochtain laistigh de 45 nóiméad.
- Bheadh níos mó ná leath na gcónaitheoirí in ann **níos mó** post a rochtain laistigh de 30 nóiméad, agus ní fheicfeadh leath eile na gcónaitheoirí **aon athrú** ina rochtain ar phoist.
- Bheadh 83% de chónaitheoirí in ann **níos mó** post a rochtain laistigh de 45 nóiméad. Ní fheicfeadh 16% de chónaitheoirí **aon athrú**, agus ní **chaillfeadh** ach 1% de chónaitheoirí rochtain ar an líon céanna post laistigh de 45 nóiméad.

Leis an Dréacht-Ghréasán Nua, rachfaí chun tairbhe go sonrach do **chónaitheoirí aon limistéar díothachta sóisialta**, a léirítear i scáthanna oráiste ar an léarscáil ar leathanach 45:

- Bheadh cónaitheoirí i limistéir faoi mhíbhuntáiste in ann 48% **níos mó** de phoist a rochtain laistigh de 30 nóiméad ar laethanta le linn na seachtaine, agus méaduithe cosúla ann ar an Satharn agus ar an Domhnach.
- Is an-bheag atá an líon cónaitheoirí faoi mhíbhuntáiste a chaillfeadh rochtain ar phoist, agus é níos lú ná 0.5% agus róbheag lena shainaithint.

Chuirfí feabhas ar rochtain ar **an Satharn agus an Domhnach** freisin:

- Bheadh an meánchónaitheoir in ann 43% **níos mó** de phoist a rochtain laistigh de 30 nóiméad, agus 14% níos mó de phoist a rochtain laistigh de 45 nóiméad, ar an Satharn.
- Ar an Domhnach, d'fhéadfadh an meánchónaitheoir 54% **níos mó** de phoist a rochtain laistigh de 30 nóiméad agus 29% **níos mó** de phoist a rochtain laistigh de 45 nóiméad.

Ar na léarscáileanna ar na leathanaigh seo a leanas, léirítear na hathruithe ar rochtain ar laethanta le linn na seachtaine le haghaidh gach limistéir áitiúil i nGaillimh, i mBearna agus in Órán Mór.


- Léirítear ar an gcéad léarscáil an t-athrú ar rochtain ar phoist, bunaithe ar cén áit a gcónaíonn na cónaitheoirí.
- Léirítear na torthaí céanna ar an dara léarscáil, ach iad bunaithe ar cén áit a bhfuil na poist lonnaithe.

Is sa rannán a thosaíonn ar leathanach 83 atá léarscáileanna ar a léirítear na hathruithe ar rochtain ar an Satharn agus ar an Domhnach.

Léarscáileanna ina léirítear athruithe ar rochtain laistigh de thurais 30 nóiméad nó 45 nóiméad i gcás aon limistéir, is féidir iad a dhéanamh tríd an léarscáil idirghníomhach ar líne atá nasctha ó www.busconnects.ie/galway.

***Is áiteanna oibre iad a lán áiteanna a dtugann daoine cuairt orthu (amhail áiteanna siopadóireachta, scoileanna, bialanna, agus seirbhísí liachta). Dá bhrí sin, gabhann rochtain ar líon méadaithe post le rochtain ar chinn scríbe thábhachtacha.***


# Léarscáil de Rochtain Cónaitheoirí ar Phoist ar Laethanta le linn na Seachtaine




Ag am lae ar laethanta le linn na seachtaine, **d'fhéadfadh an meánchónaitheoir 38% níos mó de phoist a rochtain** laistigh de thuras comaitéireachta 30 nóiméad ó dhoras go doras.

Bheadh rochtain ag **52% de chónaitheoirí** ar **níos mó** post ná mar atá amhlaidh leis an tseirbhís atá ann cheana (a léirítear mar phoncanna glasa ar an léarscáil seo). Bheadh rochtain ag **58%** de chónaitheoirí ar líon **cosúil** post (na poncanna liatha). Bheadh rochtain ag **níos lú ná 0.5%** de chónaitheoirí ar líon **níos lú** post (na poncanna labhandair).

# Léarscáil de Rochtain Fostóirí ar Oibrithe ar Laethanta le linn na Seachtaine




Ag am lae ar Laethanta le linn na Seachtaine, **bheadh an meánphost insroichte ag 19% níos mó de chónaitheoirí** laistigh de thuras 30 nóiméad ó dhoras go doras.

Bheadh **72% de phoist** insroichte ag **níos mó** cónaitheoirí ná mar atá amhlaidh leis an tseirbhís atá ann cheana (a léirítear mar phoncanna glasa ar an léarscáil seo). Bheadh **28%** de phoist insroichte ag líon **cosúil** cónaitheoirí (na poncanna liatha).Bheadh **níos lú ná 0.5%** de phoist insroichte ag líon **níos lú** cónaitheoirí (na poncanna labhandair).

# Seirbhís Mhear Iontaofa le Nasc Traschathrach

Tá an Dréacht-Ghréasán Nua deartha sa dóigh is go mbainfidh sé leas as an Nasc Traschathrach atá beartaithe.

Tá scéim an Naisc Traschathrach ina cuid de BusConnects na Gaillimhe agus de Straitéis Iompair na Gaillimhe. Tá sé mar aidhm leis an scéim gluaiseacht iompair inbhuanaithe a bheidh éifeachtúil, sábháilte agus comhtháite a sholáthar ar chonair thábhachtach soir-siar i gCathair na Gaillimhe, rud a dhéanfadh sí trí bhonneagar feabhsaithe siúil, rothaíochta agus bus a sholáthar. D'áireofaí léi lánaí tosaíochta bus agus bearta eile bainistíochta iompair lena gcuirtear feabhas ar an bhfeidhmíocht bus.

Faoi láthair, is féidir le turais bus trasna lár na cathrach a bheith an-mhall toisc go moillítear busanna mar gheall ar phlódú agus ar acomhail. San anailís a rinneadh sa bhliain 2022 ar an scéim, measadh gurbh amhlaidh, de bharr an Naisc, a shábhálfadh busanna idir seacht nóiméad agus 12 nóiméad ar an meán in aghaidh an treo agus iad ag trasnú lár na cathrach.

Ina theannta sin, is ann d'inathraitheacht in agaí turais faoi láthair, rud is cúis frustrachais. Laghdófaí an inathraitheacht sin le Nasc Traschathrach, ionas go mbeadh an t-aga turais bus trasna an láir mear go hiontaofa ar fud an lae.

Tá iarratas ar thoiliú pleanála le haghaidh na scéime á bhreithniú ag an mBord Pleanála faoi láthair. Táthar ag súil go bhfaighfear cinneadh faoi dheireadh na bliana 2023. Má thugtar toiliú le haghaidh na scéime, d'fhéadfaí an obair thógála a thosú lom láithreach agus bheadh sí críochnaithe sa bhliain 2025.

D'úsáidfeadh gach ceann, beagnach, de na bealaí atá beartaithe sa Dréacht-Ghréasán Nua "Nasc Tosaíochta Bus" na scéime idir Bóthar an Chaisleáin Nua san iarthar agus Bóthar Bhaile Átha Cliath san oirthear.

Léirítear an Nasc Tosaíochta Bus i ndath gorm ar an léarscáil ar an gcéad leathanach eile, agus é ag dul feadh Bhóthar na hOllscoile, Dhroichead na mBradán, Shráid Eglinton, na Faiche Móire, Shráid Forster agus Bhóthar an Choláiste, agus léirítear é i ndath gorm ar an léarscáil ar an gcéad leathanach eile.


Ní úsáidfeadh dhá bhealach atá beartaithe ach codanna den Nasc Tosaíochta Bus i lár na cathrach. Leis an dá eisceacht sin, chinnteofaí go mbeadh na dlúthlimistéir uile de lár na cathrach lonnaithe faoi fhad réasúnach siúil den iompar poiblí agus gur díreach agus líneach a bheadh turais iompair phoiblí

- D'úsáidfeadh Bealach 3 atá beartaithe Bóthar an Bhóthair Mhóir (in ionad Bhóthar an Choláiste) chun a chinntiú go mbeadh cónaitheoirí agus oibrithe ar an dá thaobh de Bhóthar an Bhóthair Mhóir faoi fhad réasúnach siúil de stad bus. Murach Bealach 3, ba mhó ná 600 m a bheadh an fad siúil ó stad bus ar Bhóthar an Bhóthair Mhóir go stad ar an Nasc Tosaíochta Bus ar Bhóthar an Choláiste, nó go stad ar Bhóthar Áth Cinn.
- D'úsáidfeadh Bealach 7 atá beartaithe Bóthar an Athar Uí Ghríofa chun dul isteach i lár na cathrach, in ionad Bóthar na hOllscoile agus Droichead na mBradán a úsáid. Chinnteodh sé sin go mbeadh a lán daoine a chónaíonn sa Chladach faoi fhad réasúnach siúil de stad bus, faoi mar a bheadh na hoibrithe agus na cuairteoirí i ngar do Pharáid na Spáinneach. Chomh maith leis sin, sholáthródh sé do chónaitheoirí an Chladaigh bealach díreach isteach sa lár in ionad malairt slí ó thuaidh chun Bóthar na hOllscoile a shroicheadh.

Ní thairgfear tosaíocht bus ar Bhóthar an Bhóthair Mhóir ná ar Bhóthar an Athar Uí Ghríofa. Mar a tharlaíonn sé, tá sé beartaithe i Scéim an Naisc Traschathrach Bóthar an Athar Uí Ghríofa a úsáid mar phríomhbhealach le haghaidh gluaiseacht carranna (mar a léirítear i ndath dubh ar an gcéad leathanach eile).

Dá bhrí sin, is dóigh go mbeidh Bealaí 3 agus 7 atá beartaithe níos moille ná bealaí eile agus iad ag trasnú lár na cathrach. Is féidir nach mbeidh siad chomh tarraingteach céanna do dhaoine atá ag tógáil turais fhada trasna an láir. In an-chuid de na limistéir fhorimeallacha, áfach, freastalaíonn siad ar bhealaí eile atá in aice láimhe agus d'fhéadfaí iad a úsáid le haghaidh turais traschathrach níos tapa.

# Léarscáil de Thosaíocht Bus an Naisc Traschathrach




**Sa léarscáil seo, tuairiscítear an Nasc Tosaíochta Bus, i gcló gorm, mar a cuireadh ar aghaidh é sa chomhairliúchán poiblí ar Nasc Traschathrach sa bhliain 2021. Athbhreithneofar gnéithe eile den scéim a léirítear ar an léarscáil seo agus is féidir go n-athbhreithneofar iad mar chuid den athrú chun dáta a dhéanfar ar an Straitéis Iompair do Limistéar Ceannchathartha na Gaillimhe, rud a thosóidh sa bhliain 2023.**

# Conas Foghlaim faoin Dréacht-Ghréasán Nua



## Sa Tuarascáil seo

Níl sa Tuarascáil seo ach foinse faisnéise amháin faoin Dréacht-Ghréasán Nua. Gheobhaidh tú na nithe seo a leanas laistigh den Tuarascáil seo:

- Na prionsabail a úsáideadh le linn an gréasán bus a dhearadh, ag tosú ar leathanach 22.
- Forbhreathnú ar an ngréasán bus atá ann cheana a fhreastalaíonn ar Chathair na Gaillimhe, ar Bhearna agus ar Órán Mór agus a bruachbhailte, ag tosú ar leathanach 29.
- Forbhreathnú ar na tosca déimeagrafacha agus timpeallachta tógtha i nGaillimh a dhéanann difear don iompar poiblí, ag tosú ar leathanach 35.
- Tuairisc ar an Dréacht-Ghréasán Nua, ag tosú ar leathanach 67.
- Anailís ar na hathruithe a thiocfadh ar rochtain cónaitheoirí ar phoist agus ar mhinicíochtaí éagsúla seirbhíse mar thoradh ar an Dréacht-Ghréasán Nua, ag tosú ar leathanach 75.

***Tá uimhir nua ag gach bealach sa Dréacht-Ghréasán Nua!***

## Léarscáil ar Líne

Chun a iniúchadh cén difear a dhéanfadh an Dréacht-Ghréasán Nua do do limistéar agus do do thurais, is féidir leat amharc ar an léarscáil ar líne atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin BusConnects.

Is féidir leat an léarscáil ar líne a úsáid chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Zúmáil isteach chun an leagan amach mionsonraithe bealaí a fheiceáil.
- Féachaint ar limistéar atá deacair a léiriú ar na leathanaigh bheaga seo.
- Féachaint ar na hathruithe a thiocfadh ar an meánrochtain ar phoist do chónaitheoirí ó do limistéar.
- Do léarscáil rochtana féin a chruthú, rud ina gcuirtear na háiteanna a bhféadfá taisteal chucu tríd an ngréasán atá ann cheana nó an Dréacht-Ghréasán Nua a úsáid i gcomparáid lena chéile.

***Tabhair d'aiseolas dúinn trí shuíomh Gréasáin an Údaráis Náisiúnta Iompair don tionscadal: www.busconnects.ie/galway***

# Prionsabail Deartha
# 2 Bealaí agus Gréasáin

# Cad is Cúis le Gréasán Úsáideach?

**Is í rochtain ar dheiseanna**, mar atá tuairiscithe ar na leathanaigh roimhe, an dóigh ar féidir le dearadh an ghréasáin iompair phoiblí difear a dhéanamh do **phátrúnacht**.

Is ann do mhórán tosca a dhéanann difear do phátrúnacht agus nach bhfuil baint ar bith acu le rochtain ná le dearadh an ghréasáin bus. Áirítear leo sin:

- An t-éileamh foriomlán ar thaisteal
- Táillí iompair phoiblí
- Dolaí bóthair
- Praghsanna breosla
- Rátaí úinéireachta cairr
- An fháil ar charrchlóis

Sa tuarascáil seo, dírímid ar na tosca **ar féidir leis** an Údarás agus a chomhpháirtithe áitiúla i nGaillimh difear a dhéanamh dóibh:

- **Cén áit** a dtéann na bealaí
- A **minicíocht** agus a **n-uaireanta seirbhíse**
- Na **naisc** i measc seirbhísí iompair phoiblí, agus cé chomh furasta is atá an cómhalartú
- **Pátrúin úsáide talún** agus **forbartha**
- **Déimeagrafaic**, agus cén áit a bhfuil daoine a bhfuil riachtanais ar leith acu lonnaithe
- **Dearadh sráideanna,** agus **insiúltacht**

Baineann an chéad trí thoisc ar an liosta seo le dearadh na mbealaí bus agus an ghréasáin iompair phoiblí chomhtháite. Is tosca iad sin atá beartaithe le hathrú sa Dréacht-Ghréasán Nua ar dhóigheanna a bhfágfadh go mbeadh an gréasán níos úsáidí do níos mó daoine.

Maidir leis na trí thoisc dheireanacha ar an liosta sin, mar atá úsáid talún, déimeagrafaic agus dearadh sráideanna – déanann siad difear mór dá chostasaí agus dá úsáidí a bhíonn an t-iompar poiblí. Tá siad á rialú go príomha ag Comhairlí Cathrach agus ag Comhairlí Contae. Ní féidir iad a athrú lom láithreach trí BusConnects. Dá ainneoin sin, is féidir iad a oiriúnú san fhadtéarma chun an t-iompar poiblí a dhéanamh níos úsáidí agus níos éifeachtúla i nGaillimh. Beidh an t-oiriúnú sin ina chuid thábhachtach de thairbhí BusConnects a uasmhéadú.

## Cómhalartú Saor in Aisce

Chun tacú le BusConnects agus leis an athdhearadh gréasáin seo, tabharfar struchtúr nua táillí isteach i nGaillimh ar ball, ar dá bharr a laghdófar bacainní agus na pionóis as cómhalartú.

**Is saor in aisce a bheidh cómhalartú idir bealaí uirbeacha bus.** Ní bheidh muirear breise ag gabháil le cómhalartú idir seirbhísí iarnróid agus seirbhísí bus toisc go mbunófar na táillí ar an bhfad a thaistealaítear, in ionad iad a bhunú ar an líon feithiclí nó modhanna iompair phoiblí a úsáidtear.

Le cómhalartú saor in aisce, cuirtear ar ár gcumas gréasán a dhearadh lena n-uasmhéadaítear rochtain daoine ar dheiseanna agus lena n-íoslaghdaítear agaí taistil, gan an iomarca airde a bheith á tabhairt ar chómhalartuithe a sheachaint. I roinnt cásanna i nGaillimh, is féidir freastal ar an turas is tapa idir dhá phointe trí dhá bhealach mhinice dhíreacha bus a sholáthar. Cé go bhfuil míchaoithiúlacht agus méid beag míchompoird i gceist le cómhalartú, is mó an gá atá ag an gcuid is mó de dhaoine le dul go mear go dtí an áit a bhfuil siad ag dul chuige ná an gá atá acu le cómhalartú a sheachaint.

***Tá gréasán dea-nasctha ina ghné thábhachtach d'ardphátrúnacht. Ní mór do bhealaí nascadh lena chéile chun gur féidir le daoine a lán áiteanna difriúla ar fud na cathrach a shroicheadh.***

# Minicíocht

Ceann de na dóigheanna is fearr ar féidir rochtain a mhéadú ar fud gréasáin is ea agaí feithimh a ghiorrú tríd an minicíocht a fheabhsú.

Mar thoradh ar sheirbhís níos minice:

- Laghdaítear an t-aga feithimh (agus an t-aga taistil foriomlán dá bharr).
- Cumasaítear duit taisteal nuair is mian leat.
- Feabhsaítear an iontaofacht, toisc go mbeidh bus eile ag teacht roimh i bhfad má chailleann tú do bhus nó má bhriseann sé anuas.
- Bíonn an cómhalartú (idir dhá sheirbhís mhinice) gasta agus iontaofa.

I gcás go bhfeabhsófar an mhinicíocht in áiteanna a bhfuil líon ard cónaitheoirí, post agus deiseanna eile iontu, feabhsófar an rochtain do mhórán daoine.

Méadaíonn an mhinicíocht níos fearr an acmhainneacht ardphátrúnachta, cé nach leor í ina haonar chun ardphátrúnacht a chruthú.

***Bíonn gréasán ardphátrúnachta níos úsáidí do níos mó daoine. Agus bíonn deifir ar an gcuid is mó de dhaoine.***

## Cé chomh Minic is atá Minic go Leor?

I gcathracha beaga cosúil le Gaillimh, is measartha gearr a bhíonn turais daoine de ghnáth. Ní mór an t-iompar poiblí a bheith an-mhinic le haghaidh turais ghearra, ós rud é gur féidir leis an aga feithimh bheith níos giorra ná an t-aga turais ar an mbus.

Chun smaoineamh ar cé acu atá nó nach bhfuil aon mhinicíocht "minic go leor", smaoinigh ar a bheith ag feitheamh ar feadh leathchuid den mhinicíocht (ós rud é go ndéanfaidh tú amhlaidh, ar an meán) agus fiafraigh díot féin an bhféadfá cur suas le haga feithimh chomh fada sin mar chuid de ghnáth-thuras lae.

Is féidir a mheas nach mbaineann tábhacht le minicíocht ós rud é nach gá d'aon duine feitheamh le bus a thuilleadh, toisc faisnéis fíor-ama faoi theacht busanna a bheith ar fáil ar fhóin daoine. Ní fadhb í más rud é nach dtagann bus ach uair amháin in aghaidh an chloig, toisc go bhfeicfidh tú ar d'fhón cén uair ba cheart duit dul chuig an stad.

D'ainneoin na teicneolaíochta nua sin, baineann ríthábhacht leis an minicíocht fós ar na cúiseanna seo:

- Ní bhíonn ort feitheamh i dtús do thurais amháin – bíonn ort feitheamh ag deireadh an turais freisin. Is féidir nach mbeidh aga fada feithimh agat agus tú ag an stad ach, má thagann do bhus ar bhonn ainmhinic, is minic a bhíonn ort a roghnú cé acu a bheidh tú róluath nó a bheidh tú rómhall.
    - o Mar shampla, más rud é go dtosaíonn tú an obair ag 8:00 am agus nach dtéann an bus thar d'ionad oibre ach amháin ag 7:10 am agus ag 8:10 am, is gá duit a roghnú cé acu a bheidh tú ar an obair 50 nóiméad roimh an am tosaithe nó 10 nóiméad ina dhiaidh.
- Ní féidir leat i gcónaí am tosaithe turais fillte a phleanáil. Is féidir go mbeidh tú in ann an t-am a fhágann tú an baile a uainiú de réir an amchláir bus, ach ní bhíonn an deis ag ach roinnt bheag daoine a chinneadh cén t-am a thagann a seal oibre chun deiridh, cén t-am a chríochnaíonn scannán ná cén t-am a thagann coinne dochtúra chun deiridh.

***Dá ghiorracht an turas is ea is lú a chuireann daoine suas le haga fada feithimh.***

## Fad, Costas agus Minicíocht


Laistigh de bhuiséad teoranta iompair phoiblí, tá comhbhabhtáil ann idir bealaí níos faide agus minicíochtaí níos airde.

Ní chiallaíonn sé sin go bhfuil gréasán ardmhinicíochta comhdhéanta ina iomláine de bhealaí gearra. Ciallaíonn sé, áfach, gurb amhlaidh, de réir mar a leathnaíonn córas chun freastal ar limistéir nua, ba ghá infheistíocht a dhéanamh i níos mó feithiclí agus níos mó tiománaithe a íoc chun ardmhinicíocht a choinneáil ar bun.

De rogha air sin, is féidir fadú bealaí chun freastal ar limistéir nua a bhaint amach gan aon chistiú nua, fad is go gciorraítear minicíochtaí nó uaireanta seirbhíse chun costas méadaithe an fhaid a sheasamh.

## Luas, Costas agus Minicíocht

Tá ag luasanna níos moille an éifeacht chéanna is atá ag faid níos faide. Má thógann sé a dhá oiread ama chun an t-aon bhealach amháin a thiomáint ná mar a thógadh sé deich mbliana ó shin, teastaíonn ón soláthraí iompair a dhá oiread busanna agus a dhá oiread tiománaithe chun an mhinicíocht chéanna a choinneáil ar bun.




De réir mar a mhoillíonn an t-iompar poiblí, méadaíonn an costas a bhaineann le hé a oibriú. Is féidir le soláthraí iompair phoiblí minicíochtaí a laghdú nó cistiú breise a sholáthar – ar cistiú é a d'fhéadfaí a úsáid ar shlí eile chun an tseirbhís *a fheabhsú* in ionad seirbhís níos moille a oibriú ar chostas níos airde.


## Tosaíocht Bus

Tá an nasc idir luasanna agus costais oibriúcháin ar an gcúis a bhfuil **tosaíocht bus** chomh tábhachtach sin do rath an iompair phoiblí i gcathair atá ag fás ar nós na Gaillimhe.

Is é sin an bonn le Nasc Traschathrach agus le bearta tosaíochta bus eile de chuid BusConnects. Ní hé amháin go ngéaróidh siad sin ar luas na dturas paisinéirí, ach cinnteoidh siad freisin go mbeidh iompar poiblí in ann oibriú go héifeachtach agus go mbainfidh muintir na Gaillimhe an leas is mó is féidir as an infheistíocht náisiúnta sa tseirbhís i nGaillimh.

***I gcás go moilleofar an t-iompar poiblí de bharr an phlódaithe, éiríonn sé níos costasaí é a oibriú. Ídíonn sé sin cistiú a d'fhéadfaí a chaitheamh ar shlí eile ar an tseirbhís a fheabhsú.***

# Seirbhísí Gathacha vs. Cuarsheirbhísí




**Taistealaíonn bealaí gathacha bus idir Lár na Cathrach agus na bruachbhailte. Is bealaí gathacha iad na bealaí bus uile atá ann cheana i nGaillimh, agus iad ag leanúint na bpríomhbhóithre isteach i lár na cathrach agus amach as den chuid is mó, cé go bhfuil roinnt cuarghluaiseachtaí ann i mbealaí chun freastal ar bhóithre ingearacha amhail Bóthar na Mine, Bóthar Dhabhach Uisce nó Bóthar an Bhaile Bháin.**

**Taistealaíonn cuarbhealaí bus idir bruachbhailte. Is féidir leas a bhaint astu sin chun cinn scríbe fho-uirbeacha a nascadh. Mar sin féin, tá comhbhabhtáil ann idir cuarsheirbhís a chur leis agus bealaí gathacha a sholáthar ar bhonn níos minice.**

Ba cheart gréasán iompair phoiblí a bheith níos fearr ná a bhealaí aonair le chéile. Ní féidir le bealach amháin daoine a thógáil ach chuig líon áirithe áiteanna. Má bhíonn naisc ag an mbealach sin lena lán línte eile, áfach, beifear in ann i bhfad níos mó áiteanna a shroicheadh.

Is gréasán **ríghathach** é gréasán iompair phoiblí na Gaillimhe: nascann na línte uile lena chéile i lár na cathrach. Tagann sé sin le cruth na cathrach: téann na mórbhóithre dromchla uile i dtreo lár na cathrach, áit arb ann don dlús gníomhaíochta is airde, agus bíonn na bóithre gathacha sin an-ghnóthach freisin agus bíonn méid dlúth tithe, siopaí agus oifigí mórthimpeall orthu.

I ngréasán atá gathach ar fad, is sa lár a nascann gach bealach le gach bealach eile; ní theastaíonn ach cómhalartú amháin chun gach pointe sa chóras a shroicheadh.

Ós rud é go bhfuil fás tagtha ar mhéid na Gaillimhe, áfach, bítear ag tógáil níos mó turas idir láithreacha forimeallacha, agus is mór an dua in amanna é taisteal tríd an lár.

D'fhéadfaí an fhadhb sin a réiteach trí **chuarbhealaí** a sholáthar, toisc go gcumasaíonn siad taisteal traschathrach gan dul tríd an lár. Mar gheall ar Ghaillimh a bheith chomh beag sin agus mar gheall ar éileamh a bheith comhchruinnithe feadh bóithre gathacha agus i lár na cathrach araon, áfach, freastalaítear ar líon méadaithe turas tríd an infheistíocht a dhíriú ar bhealaí gathacha minice. Ag an leibhéal céanna cistiúcháin, is é an toradh a bheadh ar thuilleadh cuarbhealaí a chur leis an ngréasán ná go soláthrófaí seirbhís níos neamh-minice ar an iomlán, rud a d'fhadódh na turais arna dtógáil ag líon ard daoine.

Is é an toradh a bheidh ar Nasc Traschathrach agus ar bhearta tosaíochta eile BusConnects ná go mbeifear in ann turais níos tapa a sholáthar trí lár na cathrach. Beidh sé sin luachmhar go háirithe do dhaoine atá ag trasnú na cathrach, in ionad a dturas a thosú nó a chríochnú sa lár.

Sa todhchaí, nuair a bheidh Gaillimh ina cathair i bhfad níos mó, d'fhéadfadh go gcruthófaí gréasán níos úsáidí dá gcuirfí cuarbhealach leis. Ag an méid a thuartar a bheidh ann sna deich mbliana atá le teacht, áfach, beifear in ann difear níos mó a dhéanamh d'agaí turais agus d'éifeachtacht fhoriomlán an iompair phoiblí má chuirtear an díriú ar mhinicíochtaí níos airde, ar naisc níos fearr idir bealaí, agus ar bhearta tosaíochta bus trí lár na cathrach.

# Naisc nó Castacht?

Tá comhbhabhtáil ann idir cómhalartú agus castacht, a thagann as matamaitic agus geoiméadracht an iompair. Dá mhéad atá gréasán iompair phoiblí deartha chun cómhalartú a sheachaint is ea is casta a bheidh sé agus is ea is measa a bheidh minicíochtaí a lán bealaí.


Is léir gurbh fhearr linn go léir turas aon suíocháin a thógáil ná feitheamh le bus eile. Chuirfeadh sé sin brú ollmhór ar an tseirbhís, áfach, agus ní bheadh an tseirbhís chomh húsáideach céanna dá bharr sin.

Léirítear sna léaráidí ar an leathanach seo agus ar an gcéad leathanach eile an dóigh a n-éascaítear minicíochtaí níos airde, iontaofacht níos fearr agus agaí turais níos giorra ar an iomlán nuair a dheartar gréasán le haghaidh roinnt cómhalartaithe.


Tá an gréasán ar dheis comhdhéanta de bhealaí díreacha, ceann amháin ó gach ceann de thrí limistéar chónaithe chuig gach ceann de thrí mhórchinn scríbe.

Tá naoi mbealach san iomlán ann. Tá drochmhinicíochtaí ann, áfach, toisc nach n-oibríonn ach dhá bhus na bealaí sin. Cé go bhfaigheann tú turas díreach i gcónaí, ní féidir leat imeacht nuair is mian leat. Ina ionad sin, is gá duit d’imeacht a uainiú de réir an sceidil bus. Má chailleann tú do bhus, beidh aga fada feithimh agat go dtí go dtiocfaidh an chéad cheann eile.

## Bealaí Díreacha, Ardchastacht



## Naisc, Ísealchastacht




I gcodarsnacht leis sin, freastalaíonn an gréasán ar an leathanach seo na sé áit chéanna, cé go n-úsáideann sé líon níos lú bealaí.

Is fearr i bhfad an mhinicíocht a thairgeann gach bealach. Chun go mbeifear in ann an tseirbhís ardmhinicíochta sin a sholáthar, ní mór na busanna atá ar fáil a chomhchruinniú isteach i líon níos lú bealaí, rud a fhágann go bhfuil roinnt cómhalartaithe ag teastáil. Is cómhalartuithe gasta iontaofa iad sin, áfach, a bhuí leis na hardmhinicíochtaí.

Sa ghréasán níos minice seo, is féidir leat imeacht ag an am ceart do do sheal oibre nó do do rang, toisc go mbíonn bus ag teacht go luath i gcónaí. Ní gá duit teacht go róluath toisc gurb é sin an rud a stiúrann an t-amchlár bus. Caitheann tú níos lú ama ag feitheamh leis an mbus agus **bíonn d'aga taistil ó dhoras go doras níos giorra – d'ainneoin an chómhalartaithe**.

Is fiú a thabhairt faoi deara go bhfuil *an costas céanna* ag baint leis an dá ghréasán sin a oibriú.

D'ainneoin an mhéadaithe i seirbhís a shamhlaítear le BusConnects na Gaillimhe, ní bheifear in ann minicíochtaí bealaigh i nGaillimh a fheabhsú más gá an gréasán a dhearadh chun cómhalartú a sheachaint freisin.

Dá ndearfaí gréasán bus na Gaillimhe chun cómhalartú a sheachaint, ba é a bheadh i gceist leis sin ná an iomarca bealaí a reáchtáil ó gach limistéar chuig gach limistéar eile. Agus an oiread sin bealaí uathúla ann, bheadh drochmhinicíocht acu toisc go roinnfí an tseirbhís a bheadh ar fáil i measc gach ceann díobh.

Shábhálfadh daoine roinnt bheag ama trí chómhalartú a sheachaint, ach chaillfeadh siad níos mó ama de dheasca dhrochmhinicíochtaí na mbealaí. Chomh maith leis sin, bheadh gréasán den sórt sin casta agus doiligh le foghlaim agus le cuimhneamh ag daoine, go háirithe daoine atá tar éis teacht chun na cathrach.

Cé nach ionadh ar bith é gurbh fhearr le gach duine bealach a théann go díreach ón áit a gcónaíonn siad go dtí an áit a n-oibríonn siad; agus bealach eile a théann go díreach ón áit a gcónaíonn siad go dtí an áit a ndéanann siad siopadóireacht; agus bealach eile fós a théann go díreach ón áit a gcónaíonn siad go dtí an áit a sóisialaíonn siad...is amhlaidh, dá sásófaí na mianta aonair sin, a bheadh gréasán neamh-mhinic ann nach mbeadh úsáideach ach do roinnt bheag daoine.

Is é sin an fáth ar glacadh leis, le linn an Dréacht-Ghréasán Nua a dhearadh, go mbeadh cómhalartú i gceist le roinnt turas.

# 3 An Gréasán Bus atá ann cheana

Tuairiscítear sa chaibidil seo an Gréasán atá ann cheana, minicíochtaí bealaigh agus uaireanta seirbhíse, agus conas a fhreastalaíonn an gréasán ar spriocanna cumhdaigh agus pátrúnachta:

- Chun an cumhdach a sholáthraítear leis an nGréasán atá ann cheana a thuairisciú, tugtar léarscáil agus anailís ina dtuairiscítear cá mhéad duine atá faoi fhad gearr siúil d'aon seirbhís bus.
- Chun acmhainneacht pátrúnachta an Ghréasáin atá ann cheana a thuairisciú, tugtar anailís ina léirítear cá mhéad duine atá faoi fhad gearr siúil de sheirbhís *mhinic*, ós rud é go bhfuil comhghaol ann idir ardmhinicíocht agus ardphátrúnacht.

## Feabhsuithe le Déanaí

Rinneadh roinnt feabhsuithe minicíochta agus deartha ar ghréasán uirbeach bus na Gaillimhe le seacht mbliana anuas. Sampla is ea an infheistíocht i minicíocht níos airde ar Bhealach 409.


Cé go bhfuil a lán bealaí atá ann cheana dea-dheartha chun freastal ar an éileamh agus na riachtanais atá ann cheana, agus minicíochtaí oiriúnacha ag gabháil leo, fágann athdhearadh ó bhonn agus buiséad seirbhíse méadaithe gur féidir machnamh a dhéanamh ar thuilleadh feabhsuithe a dhéanamh.

## Léiríonn an Dath an Mhinicíocht

Ar na grafaicí agus na léarscáileanna ar na leathanaigh seo a leanas, úsáidtear **dathanna chun seasamh don mhinicíocht:**

- Seasann **dearg** do sheirbhís mhinic, áit a dtagann bus gach 15 nóiméad nó níos minice.
- Seasann **dúdhearg** do sheirbhís gach 10 nóiméad.
- Seasann **corcra** do bhealaí a thagann gach 20 nóiméad.
- Tagann bealaí **dúghorma** gach 30 nóiméad
- Tagann bealaí **bánghorma** gach 60 nóiméad.

# Léarscáil den Ghréasán atá ann cheana, 2022



# Minicíochtaí agus Uaireanta Seirbhíse atá ann cheana

Sa ghrafaic thíos, úsáidtear dathanna chun minicíocht gach bealaigh uirbigh bus atá ann cheana a chur in iúl, le linn uaireanta uile an chloig den lá ar laethanta le linn na seachtaine, ar an Satharn agus ar an Domhnach. (Tugtar táblaí téacs a bhfuil an fhaisnéis chéanna iontu, ag tosú ar leathanach 96.)

Tá an Gréasán atá ann cheana comhdhéanta de 10 mbealach, a n-oibríonn Bus Éireann nó City Direct iad.

## Raon Seirbhíse

Oibríonn naoi mbealach ar an Satharn, agus oibríonn ocht mbealach ar an Domhnach.

Tá éagsúlacht ann sna raonta laethúla (uaireanta seirbhíse) ar gach bealach ar leith. Tairgeann an chuid is mó de bhealaí seirbhís ar fud an lae ar laethanta le linn na seachtaine, ag tosú dóibh ag 6 am nó ag 7 am, agus amanna tosaithe cosúla ann ar an Satharn. Ar an Domhnach, tosaíonn formhór na mbealaí uair amháin an chloig ina dhiaidh sin.

Ón Luan go dtí an Satharn, oibríonn sé bhealach go dtí thart ar 11 pm, agus oibríonn ceithre bhealach go dtí thart ar 12 am.


## An Gréasán Minic

Is measartha beag atá gréasán minic na Gaillimhe faoi láthair. I gcathair bheag, áit a bhfuil na turais gearr, ní féidir le minicíocht is measa ná seirbhís gach 15 nóiméad an bua a fháil ar thiomáint, ar thacsaí a fhruiliú, ar rothaíocht nó ar an turas ar fad a dhéanamh de shiúl na gcos. Dá ghiorracht turas na ndaoine is ea is lú a chuirfidh siad suas le haga fada feithimh sula roghnóidh siad rogha eile.

Ní thairgeann ach dhá bhealach sa ghréasán atá ann cheana seirbhís a thagann gach 15 nóiméad nó níos minice ar laethanta le linn na seachtaine – Bealach 409 agus na codanna comhcheangailte de Bhealaí 411 agus 412.

Ag an deireadh seachtaine, coinníonn Bealach 409 a ardmhinicíocht ar bun, agus ní ghabhann agaí feithimh atá cothrom le 15 nóiméad nó níos lú le haon bhealach eile.

**Minicíochtaí Bhealaí Uirbeacha Bus na Gaillimhe, Meitheamh 2022**



# Gaireacht d'Aon Seirbhís, agus Seirbhís Mhinic


Léirítear sa ghrafaic ar dheis an líon daoine agus post atá cóngarach don iompar poiblí ag minicíochtaí difriúla sa limistéar staidéir (lena n-áirítear Bearna agus Órán Mór). Amhail Daonáireamh na bliana 2016 (atá ar an gceann is déanaí atá ar fáil chun na críche seo fós), bhí thart ar 90,000 cónaitheoir agus 50,000 post ann sa limistéar staidéir.

Tá 62% de chónaitheoirí an limistéir agus 63% de phoist lonnaithe faoi fhad siúil 400 m (ar turas thart ar chúig nóiméad de shiúl na gcos é) de bhealaí bus d'aon mhinicíocht. Is airde na figiúirí sin le haghaidh teaghlaigh gan charr (74%), cónaitheoirí i limistéir dhíothacha (82%) agus seanóirí (70%). Tugtar aghaidh ar spriocanna **cumhdaigh**, amhail cuimsiú sóisialta, nuair a mhéadaítear an céatadán de chónaitheoirí agus de phoist atá lonnaithe in aice le **haon seirbhís**.

Léirítear ar an léarscáil ar an gcéad leathanach eile cé na foirgnimh (áiteanna cónaithe agus áiteanna oibre) atá lonnaithe faoi fhad siúil 400 m de sheirbhís bus d'aon mhinicíocht faoi láthair. Tá na foirgnimh a bhfuil dath glas orthu lonnaithe laistigh de thuras cúig nóiméad de shiúl na gcos ó stad bus. Níl na foirgnimh a bhfuil dath oráiste orthu lonnaithe laistigh de thuras cúig nóiméad de shiúl na gcos ó stad bus. I roinnt limistéar, tá foirgnimh gar do stad bus i líne dhíreach trasna na tíre ach, de dheasca naisc shráide agus chosáin a bheith in easnamh, is turas fada é an turas de shiúl na gcos go dtí an stad bus sin.

**Gaireacht an Ghréasáin atá ann cheana – Am Lae ar Laethanta le linn na Seachtaine**

**Cén céatadán de limistéar uirbeach na Gaillimhe atá gar d'iompar poiblí a thagann gach:**





Tabhair faoi deara: Tomhaistear gaireacht mar láthair atá laistigh de 400 m ó stad bus.

Níl ach 19% de chónaitheoirí agus 30% de phoist lonnaithe faoi fhad siúil 400 m d'iompar poiblí a thagann go minic (gach 15 nóiméad nó níos minice). Tá na figiúirí cosúil le haghaidh teaghlaigh gan charr (22%), cónaitheoirí i limistéir dhíothacha (17%) agus seanóirí (19%). Tugtar aghaidh ar spriocanna **pátrúnachta nuair a mhéadaítear an líon daoine atá in aice le seirbhís mhinic**, ós rud é gur gnách go mbíonn seirbhísí ardmhinicíochta níos úsáidí agus go meallann siad níos mó paisinéirí. Toradh eile atá air sin is ea go dtacaítear le cuimsiú sóisialta, ós rud é gur milis le daoine a chónaíonn i staideanna díothachta, le seanóirí agus le daoine gan charr a gcuid ama agus go mbaineann siad tairbhe as seirbhís níos minice.

***Tá 81% de chónaitheoirí na Gaillimhe lonnaithe turas níos mó ná cúig nóiméad de shiúl na gcos ó bhus minic.***

# Léarscáil de Chumhdach an Ghréasáin atá ann cheana



# 4 Anailís ar Mhargaí agus ar Riachtanais

Sa chaibidil seo, cuirimid sonraí i láthair lena gcuirtear bonn eolais faoi dhá thoisc dhifriúla i bpleanáil iompair:

- *Cá bhfuil na margaí is láidre don iompar, ar margaí iad a bhfuil acmhainneacht acu ardphátrúnacht agus ísealchostais oibriúcháin a bhaint amach?*
- *Cá háit a bhfuil riachtanais mheasartha nó dianriachtanais leis an iompar ag daoine, áit a bhféadfadh údar a bheith le seirbhísí, beag beann ar an bpátrúnacht nó ar an gcostas?*

## Táscairí ar Mhargaí Láidre Iompair Phoiblí, nó ar Ardriachtanais

Léirítear na nithe seo ar na léarscáileanna ar na leathanaigh seo a leanas:

- Dlús cónaithe
- Dlús post agus oideachais
- Dlús gníomhaíochta, lena gcomhcheanglaítear cónaitheoirí, poist agus oideachas isteach san aon slat tomhais amháin
- Dlús na dteaghlach gan charr
- Limistéir shaibhris agus dhíothachta
- Dlús cónaitheoirí dífhostaithe
- Dlús daoine óga (17 mbliana d'aois nó níos óige)
- Dlús seanóirí (65 bliana d'aois nó níos sine)


Úsáidtear sonraí ó Dhaonáireamh 2016 in an-chuid de na léarscáileanna. Ní léirítear sna sonraí sin na forbairtí a rinneadh ó bhí an bhliain 2016 ann i limistéir amhail Órán Mór, Ros Cam, Baile an Mhóinín agus lár na cathrach.

Ní raibh foireann pleanála athdhearadh an ghréasáin ag brath ar shonraí Daonáirimh amháin agus í ag dearadh an Dréacht-Ghréasáin Nua. D'oibrigh an fhoireann i ndlúthchomhar le baill foirne ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, ó Chomhairle Contae na Gaillimhe, ó Bhus Éireann agus ó City Direct chun a chinntiú go dtabharfaí aghaidh leis an Dréacht-Ghréasán Nua ar dhálaí reatha agus ar aon fhorbairtí atá le tógáil faoin mbliain 2025, chomh maith leis na hathruithe ar phátrúnacht bus agus ar an éileamh ar bhusanna ón bpaindéim ar leith.

Léirítear ar fhormhór na léarscáileanna ar na leathanaigh seo a leanas dlús gach grúpa daonra ar fud an limistéir. Ní leor dlús ina aonar, áfach, chun tacú le hardphátrúnacht. Ní mór dúinn na léarscáileanna seo a scrúdú i leith na dtréithe úsáide talún uile lena léirítear acmhainneacht ardphátrúnachta, i dteannta dlúis:

- **Insiúltacht**. Fiú i gcás go bhfuil lear daoine i ngar do stad, is amhlaidh, chun go n-úsáidfeadh an-chuid díobh iompar poiblí, nach mór an fad siúil go dtí an stad a bheith réasúnach agus ní mór na dálaí siúil a bheith sábháilte agus tarraingteach.
- **Líneacht**. Ní féidir le bealaí bus a bheith díreach, agus iad ag teacht i ngar do líon ard daoine agus gníomhaíochtaí ag an am céanna, ach amháin i gcás go bhfuil dlúthfhorbairtí leagtha amach i bpatrúin líneacha. Fágann sé sin freisin go bhfuil siad níos éifeachtúla, rud a thacaíonn le minicíocht níos airde.
- **Leanúnachas**. Tógann sé am chun limistéir thuaithe agus spás oscailte a thrasnú agus ídíonn sé an buiséad oibriúcháin. Mar sin, dá fhaide atá limistéir fhoirgnithe suite ar shiúl óna chéile is ea is mó an costas a bhaineann le hiad a nascadh lena chéile nó is ea is measa an mhinicíocht is féidir a thairiscint feadh an fhaid sin.
- **Meascán Úsáidí.** In áiteanna atá dlúth toisc a lán cineálacha forbartha a bheith iontu, is féidir leis an iompar poiblí oibriú go héifeachtúil sa dá threo ag a lán amanna den lá agus den tseachtain.

# Dlús Cónaithe



## Ábharthacht

Trína thuiscint cé na háiteanna ina gcónaíonn a lán daoine i ngar dá chéile, cabhrófar linn a fheiceáil cá bhfuil margadh láidir ann don iompar poiblí. Ós rud é go dtosaíonn agus go gcríochnaíonn a lán turas sa bhaile, tá acmhainneacht ardphátrúnachta ag áiteanna ina gcónaíonn a lán daoine.

Tá tithe ina gceann scríbe do thurais daoine eile freisin, mar shampla chun cuairt a thabhairt, chun aire a thabhairt do bhaill teaghlaigh nó chun leas a bhaint as seirbhísí a sholáthraíonn duine ón mbaile.


## Barúlacha

Is measartha **scaipthe** ar fud na Gaillimhe atá dlúthlimistéir chónaithe, in ionad iad a bheith comhchruinnithe timpeall bóithre áirithe nó i limistéir áirithe.

Tá roinnt de na limistéir chónaithe is dlúithe lonnaithe in áiteanna atá **doiligh le rochtain**, amhail sa **Chaisleán Gearr**, atá lonnaithe fad measartha fada ar shiúl ó Bhóthar Áth Cinn; i **nDabhach Uisce**, atá lonnaithe fad fada ar shiúl ó Bhóthar Dhabhach Uisce; agus i **Muirbheach**, atá lonnaithe fad fada ar shiúl ó Bhóthar Bhaile Átha Cliath.

Is ann do phatrún líneach ard-dlúis chónaithe ar fud an chuid stairiúil den chathair, ó **Bhóthar na Trá**, feadh **Bhóthar Bhóthar na Trá agus Bhóthar an Athar Uí Ghríofa** araon, trasna **lár na cathrach**, agus amach feadh **Bhóthar an Bhóthair Mhóir agus Bhóthar an Choláiste**.

# Dlús Post agus Oideachais



## Ábharthacht

Léirítear sa dlús post agus áiteanna scoile nó ollscoile na limistéir a dtaistealaíonn a lán daoine chucu gach lá. Ar an léarscáil ar an leathanach roimhe, suimítear le chéile an líon post i ngach limistéar, móide an líon áiteanna rollaithe atá ar fáil i scoileanna, i gcoláistí agus in ollscoileanna.

Mar sin féin, tá níos mó ná comaitéireacht i gceist le cabhrú le daoine taisteal go dtí na cinn scríbe sin. Seasann láithreacha post freisin do shiopaí, do bhialanna, d'ospidéil, do sheirbhísí agus do na háiteanna uile eile a dtéann daoine chucu mar chuid dá saol.

Mar aon le mic léinn a mhealladh, is ionann campais ollscoile agus cinn scríbe thábhachtacha do na baill foirne teagaisc agus na baill foirne eile a thacaíonn le staidéar na mac léinn sin, do thaighdeoirí agus do chuairteoirí agus, i gcás scoileanna liachta agus ospidéil teagaisc, d'othair a bhíonn ag lorg cúraim.

## Barúlacha

Tá poist agus áiteanna oideachais rí-chomhchruinnithe i ngar do lár na cathrach.


Tá dlúis níos ísle le feiceáil feadh **Bhóthar Bhóthar na Trá, Bhóthar Mhuire agus Bhóthar an Chaisleáin Nua** ar an taobh thiar den chathair; feadh **Bhóthar Thuama agus Bhóthar Pháirc an Tobair** ar an taobh thoir; agus feadh **Bhóthar Bhaile Átha Cliath** idir Bóthar Áth Cinn agus Bóthar an Bhaile Bháin.

Faoi bhun lipéad **Bhaile an Bhriotaigh** ar an léarscáil seo, tá limistéar mór dlúis mheasartha. Is dlúthlimistéar post é sin dáiríre, agus a shonraí leata thar chrios an-mhór (a n-áirítear an ráschúrsa leis). Níl an chuid is mó de phoist lonnaithe feadh Bhóthar Thuama agus mhótarbhealach an N6, rud a thugtar le fios ar an léarscáil seo. Ina ionad sin, tá siad lonnaithe in **Eastát Tionscail Bhaile an Bhriotaigh**, nach féidir a shroicheadh ach amháin trí bhealach isteach aonair ag an taobh theas de.

Ar an léarscáil seo, tá an chuma ar **an bPáirc Mhór** go bhfuil ísealdlús post aici. Dar le sonraí níos cothroime le dáta, áfach, ba dhóigh go mbeadh an chuma air go bhfuil dlús measartha aici. Ní dóigh go mbeidh an chuma uirthi go bhfuil sí chomh dlúth le lár na cathrach, ós rud é gur tugadh an-chuid den limistéar i **bPáirc Gnó na Páirce Móire** chun carrchlóis agus bóithre a sholáthar, rud ba chúis le líon níos lú post in aghaidh an chiliméadair chearnaigh (agus líon níos lú post i ngar d'aon stad bus ar leith) a bheith ann ná mar atá amhlaidh i bhforbairtí réamhchairr.

Is féidir an cnuasach dlúis mheasartha gníomhaíochta i **nDabhach Uisce** a chur síos do bhunscoil agus do choláiste a bheith lonnaithe in aice a chéile, thart ar 350 m ar shiúl ó Bhóthar Dhabhach Uisce, agus dlúthlimistéar tithíochta ann in aice láimhe.

# Dlús Gníomhaíochta



## Ábharthacht

Léirítear ar an léarscáil de dhlús gníomhaíochta ar an leathanach roimhe dlús cónaitheoirí, post agus áiteanna oideachais i dteannta a chéile.

Leis an léarscáil Dlús Gníomhaíochta, cumasaítear sinn conairí a shainaithint:

- *Atá dlúth go leanúnach*, ionas nach gá don tseirbhís bus bearnaí folmha a thrasnú; agus
- A bhfuil *meascán úsáidí* iontu, ionas go mbeidh dea-úsáid á baint as busanna ar fud an lae agus ar fud na seachtaine, sa dá threo.

Is léarscáil thábhachtach í seo le húsáid le linn bealaí bus ardphátrúnachta a dhearadh. Is criosanna fíormhóra iad roinnt de na criosanna i sonraí Daonáirimh, áfach. Dá bhrí sin, is féidir leo bheith míthreorach in amanna maidir le láthair iarbhír tithíochta, post nó scoileanna. Mar shampla, tá an chuma ar an limistéar laisteas de Bhóthar Bhaile an Rí agus laistiar de Bhóthar na Mine go bhfuil sé dlúth ó thaobh post agus scoileanna de. Mar a tharlaíonn sé, is crios mór amháin é atá comhdhéanta de ghalfchúrsa den chuid is mó, ach tá dhá scoil mhóra lonnaithe ar Bhóthar na Mine é féin. Is crios atá chomh mór céanna agus doiléir é an crios a bhfuil an lipéad "Baile an Bhriotaigh" air, toisc go bhfuil na poist comhchruinnithe sa chuid thiar de agus toisc gurb é an ráschúrsa an chuid thoir de. D'ainneoin thábhacht na léarscáile seo mar áis tagartha, chuir baill foirne a bhfuil mioneolas acu ar an gcathair léi agus an Dréacht-Ghréasán Nua á dhearadh.

## Barúlacha

Ar an taobh thiar, is ann d'ard-dlús leanúnach agus do mheascán úsáidí an bealach ar fad **ó Bhóthar na Trá go lár na cathrach**, feadh **Bhóthar Bhóthar na Trá/ Bhóthar Mhuire/Bhóthar an Chaisleáin Nua**, agus feadh **Bhóthar an Athar Uí Ghríofa**.

Maidir le **Bóthar an Chaisleáin Nua Uachtarach**, ar forbraíodh tithíocht ollscoile agus mac léinn ar a fheadh le déanaí, is dóigh go bhfuil sé níos dlúithe anois ná mar a bhreathnaíonn sé ó shonraí na bliana 2016. Bheadh sé doiligh, áfach, dlús agus meascán úsáidí na **seanchampas ollscoile agus ospidéil** laisteas a mheaitseáil.


Tá meascán an-íseal úsáidí ag **Cnoc na Cathrach**, agus é ina limistéar cónaithe ina iomláine, beagnach, nach bhfuil ach roinnt bheag scoileanna ann. Fágann sé sin gur dóigh go mbeidh an t-éileamh ar thaisteal níos treoiche ná mar atá sé i limistéir úsáide measctha, agus éileamh ar thaisteal isteach i dtreo na cathrach ar maidin níos airde ná an t-éileamh ar thaisteal amach, agus a mhalairt a bheith fíor sa tráthnóna. I dteannta na fírice go bhfuil dlúis measartha íseal ag Cnoc na Cathrach, ní dóigh go mbeidh an phátrúnacht in aghaidh an bhus in aghaidh na huaire chomh hard i gCnoc na Cathrach is atá sí i limistéir úsáide measctha.

Ar an taobh thoir, tairgeann **Bóthar Áth Cinn, Bóthar an Bhóthair Mhóir, Bóthar an Choláiste/Bóthar Pháirc an Tobair agus an chuid inmheánach de Bhóthar Bhaile Átha Cliath** bealaí fada líneacha a bhfuil meascán úsáidí atá dlúth go leanúnach ann ar a bhfeadh. Tá dlús níos ísle ag **Bóthar an Chósta agus ag an gcuid sheachtrach de Bhóthar Bhaile Átha Cliath**.

Is dlúthlimistéir a bhfuil úsáidí measctha acu iad **Bóthar Dhabhach Uisce agus Bóthar an Bhaile Bháin**. Ós rud é go bhfuil treoshuíomh ingearach/cuar-threoshuíomh acu (in ionad treoshuíomh gathach isteach sa chathair a bheith acu), áfach, tá sé doiligh gréasán a dhearadh lena bhfreastalaítear go maith orthu gan bealaí a dhéanamh ríthimpeallach ag an am céanna.

I limistéar **Dhabhach Uisce**, is ann do mheascán dlúth úsáidí a eascraíonn as tithíocht, as siopaí agus as scoileanna. Tá na limistéir is dlúithe lonnaithe ar shiúl ón mbóthar, áfach, rud is cúis le fad siúil níos faide do phaisinéirí. Dá n-imeodh an t-iompar poiblí amach ó Bhóthar Dhabhach Uisce chun dul níos faide do na limistéir sin, d'fhágfaí an bealach ina bhealach timpeallach do phaisinéirí atá ag taisteal tríd. Tá sé sin amhlaidh freisin i **Muirbheach** agus i **Ros Cam**, áit ar lonnaíodh an tithíocht níos dlúithe ar shiúl ó na bóithre a n-oibreoidh busanna orthu.

# Dlús na dTeaghlach gan Charr



## Ábharthacht

Léirítear ar an léarscáil ar an leathanach roimhe cén áit a bhfuil teaghlaigh gan charr comhchruinnithe i nGaillimh.

Tá teaghlaigh gan charr ina léiriú ar an acmhainneacht le haghaidh ardphátrúnachta agus ar an ngá atá ann le seirbhís iompair phoiblí araon.

In áiteanna atá suite i bhfad ar shiúl ó lár na cathrach, is féidir gur beag rogha, seachas an t-iompar poiblí, atá ag daoine agus iad ag iarraidh áiteanna oibre nó seirbhísí a shroicheadh lasmuigh dá ngarchomharsanacht.

## Barúlacha


Tá ard-dlúis teaghlach gan charr ann i **lár na cathrach** agus i ngar dó.

Tá an-chuid díobh lonnaithe chomh gar sin don lár agus do mhórchinn scríbe eile gur dóigh go mbeidh an siúl agus an rothaíocht ar na modhanna is iomaíche ó thaobh ama de le haghaidh a lán turas. Tá cuid eile díobh lonnaithe thart ar dhá chiliméadar ón lár i **mBóthar na Trá, i Rathún agus sa Chaisleán Nua**, agus feadh **Bhóthar Áth Cinn, Bhóthar an Bhóthair Mhóir agus Bhóthar an Choláiste**, agus iad fada go leor ar shiúl gur féidir go mbeidh sé níos tarraingtí do mhórán daoine taisteal de bhus ná taisteal de rothar nó de shiúl na gcos, go háirithe ar lá fuar fliuch.

Is scaipthe ar fud an **taoibh thoir** den chathair atá limistéir atá dlúth ó thaobh an lín teaghlach gan charr de. Ar an taobh thiar, i **gCnoc na Cathrach**, tá dlús na dteaghlach gan charr an-íseal.

Tabhair faoi deara gurb ann do roinnt teaghlach gan charr, fiú sna limistéir a bhfuil dath bán orthu ar an léarscáil seo. Dá ainneoin sin, is íseal sna limistéir sin atá an líon teaghlach gan charr in aghaidh an chiliméadair chearnaigh. Tugann sé sin le fios gurb ann d’acmhainneacht pátrúnachta níos ísle agus do líon níos ísle daoine a d’fhéadfadh leas a bhaint as seirbhís go dtí an limistéar, i gcomparáid le háiteanna ina mbeadh níos mó teaghlach gan charr faoi fhad siúil de gach stad bus.

# Leibhéil Saibhris nó Díothachta



## Ábharthacht

Léirítear ar an léarscáil de shaibhreas agus díothacht ar an leathanach roimhe éagsúlacht Innéacs Díothachta Pobal HP i limistéar uirbeach na Gaillimhe sa bhliain 2016[1]. Murab ionann agus léarscáileanna eile sa chaibidil seo, ní léarscáil de dhlús í. Ina ionad sin, léirítear uirthi na leibhéil choibhneasta saibhris nó díothachta atá ann i ngach limistéar.

Maidir leis na limistéir a léirítear sna trí scáth uile den dath oráiste/dearg ar an léarscáil seo, is iad sin na limistéir a úsáidtear san anailís a luaitear in áit eile, chun a shainiú cé na cónaitheoirí a chónaíonn i limistéir dhíothachta.

Is gnách go ndéanann saibhreas agus díothacht difear d'iompraíocht taistil daoine. Taistealaíonn daoine saibhre ar bhonn níos minice ná daoine eile ar an meán, toisc go bhfuil airgead acu chun caitheamh ar an taisteal féin agus ar na gníomhaíochtaí a mbaineann siad taitneamh astu. Tá sé amhlaidh freisin, áfach, go bhfuil seans níos fearr ann go mbeidh a gcarr féin ag daoine saibhre nó go n-íocfaidh siad as carr a fhruiliú. Dá bhrí sin, is féidir le limistéir shaibhre ardphátrúnacht iompair phoiblí a ghiniúint. Ní féidir leo déanamh amhlaidh, áfach, ach amháin i gcás go bhfuil an tseirbhís áisiúil, toisc go bhfuil rogha mhalartach úsáideach ar láimh ag an gcuid is mó de dhaoine.

1 Is féidir tuilleadh mionsonraí faoin Innéacs Díothachta a fháil ar shuíomh Gréasáin Trutz Haase, ar suíomh cartlannaithe é.

Is ísle an meánleibhéal taistil i measc na ndaoine is lú acmhainn ná i measc daoine eile. Tá seans níos lú ann freisin go mbeidh carr acu, áfach. Tá dreasacht níos mó acu chun iompar poiblí a úsáid in ionad a gcarr féin a cheannach, nó in ionad íoc as carr a fhruiliú, chun airgead a shábháil. Dá bhrí sin, is féidir le limistéir ard-díothachta a bheith ina n-áiteanna ina bhfuil an t-iompar poiblí tábhachtach ón taobh sóisialta de agus ina bhfuil géarghá leis, fiú i gcás nach gcónaíonn ach roinnt bheag daoine sa limistéar. I bhformhór mór na gcásanna, is limistéir ardphátrúnachta iad limistéir ard-díothachta atá dlúth ó thaobh an lín cónaitheoirí de freisin.

## Barúlacha

Tá beagán cosúlachta ann idir na patrúin ar an léarscáil seo agus na patrúin ar an léarscáil de theaghlaigh gan charr. Cúis amháin leis sin is ea gur léarscáil chatagóireach í seo agus gur léarscáil dlúis í an léarscáil de theaghlaigh gan charr. Is féidir go mbeidh ard-díothacht agus, dá réir sin, beagán carranna ag limistéar ach, mura gcónaíonn ach líon beag daoine ann, ní bheidh sé *dlúth* ó thaobh an lín teaghlach gan charr de.

Cúis fhéideartha eile is ea gur áiteanna doilí le carr a pháirceáil agus a thiomáint iad **lár na cathrach** agus na limistéir i ngar dó. Is féidir go roghnóidh daoine saibhre agus daoine ar meánioncam níos mó airgid a chaitheamh ar thithíocht chun cónaí sa lár ar mhaithe le háisiúlacht agus leis an stíl mhaireachtála ach go roghnóidh siad gan carr a bheith acu mar gheall ar an dua atá i gceist le hé a stóráil. Ní rud neamhchoitianta é go bhfuil leibhéal íseal úinéireachta cairr agus meánleibhéal saibhris ag lár cathracha.


Léirítear **Páirc an Tobair, Mervue agus Páirc an Chaisleáin** mar limistéir faoi mhíbhuntáiste ar an léarscáil seo, faoi mar a léirítear roinnt limistéar feadh **Bhóthar Áth Cinn**. Tá an chuma ar chuid de **Dhabhach Uisce** go bhfuil sí faoi mhíbhuntáiste measartha, cé go bhfuil an chuma ar chuid eile de go bhfuil sí measartha saibhir.

Tá cnuasach an-mhór limistéar faoi mhíbhuntáiste i **Rathún**, feadh **Bhóthar Shéamais Uí Chuirc**. I **gCnoc na Cathrach**, léirítear saibhreas measartha thar limistéar measartha mór, i gcodarsnacht leis an gcuid eile den chathair. Is cosúil go bhfuil **Muirbheach** agus **Ros Cam** measartha saibhir freisin.

Tabhair faoi deara go n-áirítear leis na sonraí sin mic léinn ollscoile, a mbíonn ioncam íseal acu nó nach mbíonn aon ioncam acu de ghnáth, ach nach mbíonn a bhformhór ag fulaingt na díothachta céanna a fhulaingíonn cónaitheoirí eile.

Is dóigh go bhfuil athrú tagtha ar a shaibhre atá roinnt de na criosanna ar an léarscáil seo mar gheall ar thógáil bhreise a rinneadh ó bhí an bhliain 2016 ann. Chuir baill foirne áitiúla eolas ar fhorbairtí agus athruithe déimeagrafacha a tháinig chun cinn le déanaí leis an bpróiseas athdheartha seo.

# Dlús Cónaitheoirí Dífhostaithe



## Ábharthacht

Léirítear ar an léarscáil ar an leathanach roimhe cén áit a raibh daoine a bhí dífhostaithe sa bhliain 2016 comhchruinnithe. Ní áirítear leis na sonraí sin daoine a bhí rollaithe i gcúrsa ollscoile, a raibh míchumas buan orthu nó a bhí ar scor. Ní áirítear léi ach na daoine sin a bhí ag lorg fostaíochta go gníomhach.

Is eol gurb ísle an dífhostaíocht sa bhliain 2023 ná mar a bhí sí sa bhliain 2016. Dá bhrí sin, is cinnte go bhfuil athrú tagtha ar na patrúin a léirítear ar an léarscáil seo ón uair a bailíodh na sonraí i leith.

Is féidir gurb aisteach an rud é díriú ar dhaoine dífhostaithe chun an t-éileamh ar an iompar nó an gá leis an iompar a shuí, toisc nach gá do dhaoine dífhostaithe taisteal chomh minic céanna le daoine fostaithe. Soláthraítear comhthéacs tábhachtach le léarscáil de dhlús fostaíochta, áfach. Cabhraítear léi le sainaithint a dhéanamh ar limistéir a bhféadfadh a lán tairbhe a bhaint as rochtain níos fearr ar dheiseanna fostaíochta agus oideachais iontu, fiú amháin i gcás nach bhfuil an meánduine thíos le diandíothacht.

I dteannta a chéile, is féidir léarscáileanna de dhífhostaíocht agus de dhíothacht a úsáid chun sainaithint a dhéanamh ar áiteanna a mbeadh an t-iompar poiblí luachmhar ar chúiseanna sóisialta.


Sna limistéir is dlúithe agus is lárnaí, comhlánaíonn an gá sin spriocanna pátrúnachta. I limistéir fhorimeallacha ina bhfuil ísealdlús, is féidir nach meallfaidh an t-iompar poiblí ardphátrúnacht ach go gcabhróidh sé le spriocanna cumhdaigh agus cuimsithe a chomhlíonadh.

## Barúlacha

Tá limistéir a bhfuil ard-dlúis cónaitheoirí dífhostaithe iontu le feiceáil i **Rathún**, i **mBóthar na Trá**, feadh **Bhóthar Áth Cinn agus Bhóthar an Bhóthair Mhóir**, i **bPáirc an Chaisleáin, i Muirbheach agus i nDabhach Uisce**.

Sna trí limistéar dheireanacha – **Páirc an Chaisleáin, Muirbheach agus Dabhach Uisce** – is amhlaidh, tríd is tríd, go bhfuil na limistéir is dlúithe ó thaobh an lín cónaitheoirí dífhostaithe de lonnaithe ar shiúl ó na príomhbhóithre (Bóthar Mhuine Mheá, Bóthar Bhaile Átha Cliath agus Bóthar Dhabhach Uisce). Fágann sé sin go bhfuil sé níos doilí freastal ar na cónaitheoirí sin le seirbhís bus in aice láimhe, agus bealaí éifeachtúla líneacha á n-oibriú ag an am céanna.

# Dlús Daoine Óga



## Ábharthacht

De réir an dlí, ní cheadaítear do leanaí tiomáint. Dá ainneoin sin, taistealaíonn siad chun freastal ar an scoil, chun bualadh le cairde agus baill teaghlaigh agus chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí éagsúla.

Caitheann tuismitheoirí agus cúramóirí eile méid mór ama ar leanaí a thiomáint thart. Is féidir leis an iompar poiblí faoiseamh a thabhairt d'aosaigh ghnóthacha. Is féidir leis neamhspleáchas agus cumhacht a thabhairt do dhaoine óga freisin. Tá rochtain ag leanaí ar tháillí lascainithe don óige, rud ar dreasacht bhreise é.

Le léarscáil de dhlús daoine óga, comhcheanglaítear leibhéal áirithe gá agus méid áirithe acmhainneachta le haghaidh ardphátrúnachta araon, faoi mar is féidir lena lán daoine a thaistil ar bhus ag 4 pm ar lá le linn na seachtaine riamh a fhianú.

## Barúlacha

Tá limistéir atá dlúth ó thaobh an lín daoine óga de le feiceáil ar an léarscáil seo i **nDabhach Uisce, i bPáirc an Chaisleáin, i Ros Cam agus i Muirbheach**, agus feadh **Bhóthar Áth Cinn** agus i mbailte **Órán Mór agus Bhearna** freisin.


Tá ísealdlúis daoine óga ag **lár na cathrach** agus ag na limistéir mórthimpeall, cé go bhfuil acu a lán scoileanna agus gníomhaíochtaí eile is cinn scríbe do thurais daoine óga.

Tá níos mó i gceist leis an léarscáil seo ná aithris a dhéanamh ar an léarscáil de dhlús cónaithe, mar a léirítear i gCnoc na Cathrach. I gcomparáid leis an gcuid eile den chathair, tá ísealdlús cónaithe ag **Cnoc na Cathrach**. Dá ainneoin sin, tá dlúis mheasartha daoine óga aige thar limistéar measartha mór.

Den chuid is mó, is iad na codanna is dlúithe ó thaobh an lín leanaí de i **gCnoc na Cathrach** ná forannta cul-de-sac, a bhfuil drochnascacht sráideanna agus beagán cosán nasctha acu (ar fadhb í a bhfuil Comhairle Cathrach na Gaillimhe ag déanamh a díchill aghaidh a thabhairt uirthi). Mar thoradh air sin, is féidir go bhfuil roinnt mhaith de na leanaí sin gar don bhus i líne dhíreach trasna na tíre ach go bhfuil siúlóid fhada thimpeallach go dtí an stad bus acu. Tá sé sin amhlaidh freisin i gcás na limistéar cónaithe feadh **Bhóthar Áth Cinn**.

Tá gréasán inmheánach cosán ag **Páirc an Chaisleáin**, lena gcumasaítear turais níos giorra de shiúl na gcos go stad bus ar phríomhbhóthar. Dá mbeadh naisc coisithe níos fearr ann le lána Ospidéal Pháirc Mhuirlinne, d'fhéadfadh an bealach bus a fhreastalaíonn ar an ospidéal seirbhís in aice láimhe a sholáthar don dlúthlimistéar tithíochta teaghlaigh atá lonnaithe i ngar do Chaisleán Mhuirlinne.

# Dlús Seanóirí



## Ábharthacht

Tá claonadh ag daoine breacaosta an t-iompar poiblí a úsáid, mar gheall ar an ioncam seasta atá acu, ar an líon íseal tiománaithe ceadúnaithe atá ann ina measc, ar an deacracht a bhaineann le scileanna tiomána a choinneáil ar bun agus ar an Scéim Saorthaistil.

Mar ghrúpa, áfach, is gnách nach ionann na sainroghanna pearsanta atá acu maidir le dearadh seirbhísí iompair agus iad sin atá ag daoine níos óige agus ag oibrithe:

- Is minic is fearr go mór leo turais níos giorra de shiúl na gcos go dtí an stad bus agus uaidh araon nó nach mbíonn an chorpacmhainn acu chun mórán siúlóide a dhéanamh.
- Is minic a bhíonn níos mó ama acu chun a dturas a thógáil.
- Tá seans níos lú ann go dtógfaidh siad turais ar ina leith nach bhfuil aon smacht acu ar an uainiú (amhail turais chun na hoibre nó chun na scoile). Dá bhrí sin, tá siad in ann líon níos mó dá dturais a uainiú bunaithe ar an amchlár bus.

Ar na cúiseanna sin, is gnách go mbíonn sé níos tábhachtaí do dhaoine ar scor agus do sheanóirí go n-oibríonn bealaí iompair i ngar dá dtithe agus dá gcinn scríbe, agus nach mbíonn minicíocht ná luas na seirbhíse chomh tábhachtach céanna dóibh, i gcomparáid le daoine óga agus le hoibrithe.

## Barúlacha


Cé go bhfuil daoine breacaosta ina gcónaí i ngach limistéar go pointe éigin, tá an dlús seanóirí níos airde sna seanlimistéir den chathair, i **lár na cathrach** go háirithe.

Ar an taobh thiar, tá na dlúis is airde ann i **mBóthar na Trá, sa Chaisleán Nua, i Seantalamh, sa Chladach,** agus feadh **Bhóthar Bhearna agus Bhóthar Bhaile an Rí** i gCnoc na Cathrach.

Ar an taobh thoir, tá an dlús seanóirí pas beag níos ísle ná mar atá sé sa lár nó ar an taobh thiar. Mar sin féin, tá dlús measartha le feiceáil feadh na gcodanna teorantacha de **Bhóthar Áth Cinn, de Bhóthar an Bhóthair Mhóir, de Bhóthar an Choláiste agus de Bhóthar Bhaile Átha Cliath** agus feadh **Bhóthar Mhuine Mheá agus Bhóthar an Bhaile Bháin**.

I limistéir thógála nua, amhail **Cnoc na Cathrach Thuaidh, an chuid sheachtrach de Bhóthar Áth Cinn, an Caisleán Gearr, Dabhach Uisce agus Ros Cam**, tá an dlús seanóirí thar a bheith íseal. Tá na limistéir chéanna sin measartha dlúth ó thaobh an lín daoine óga de, mar a léirítear ar an léarscáil ar leathanach roimhe.

# Nascacht an Ghréasáin Siúil



## Ábharthacht

Léirítear ar an léarscáil ar an leathanach roimhe slat tomhais amháin ar insiúltacht: an céatadán den limistéar cóngarach atá insroichte trí suas le 1.5 km a shiúl ar shráideanna nó ar chosáin. Dá airde an céatadán sin is ea is tréscaoiltí an limistéar don siúl.[1]

Murab ionann agus na léarscáileanna eile, níl an léarscáil seo bunaithe ar shonraí na bliana 2016. Ina ionad sin, úsáidtear inti na sonraí is déanaí a cuireadh le Open Street Maps.[2]

In áiteanna nach bhfuil ach beagán nasc sráide nó cosáin iontu, beidh ar dhaoine faid níos faide a shiúl chuig cinn scríbe chóngaracha i gcomparáid le bealach díreach a thógáil. Tá áiteanna den sórt sin léirithe i nglas éadrom ar an léarscáil. Is léirithe i ndúghlas atá na háiteanna inar féidir le daoine a lán sráideanna nó cosán nasctha a thógáil chun formhór na n-áiteanna cóngaracha a shroicheadh go tapa.

## Barúlacha

Tá ardleibhéal insiúltachta ag **gach cuid den chathair, beagnach, atá lonnaithe laistigh de 2 km ón bhFaiche Mhór**. Is í an eisceacht ná limistéar idir **Bóthar an Choláiste agus Bóthar an Bhóthair Mhóir**. Mar a thuairiscítear roimhe seo a tuarascáil seo, is é atá san easpa fad réasúnach siúil idir an dá bhóthar sin ná dúshlán do Nasc Traschathrach agus don phlean atá aige bealaí bus a chomhchruinniú ar Bhóthar an Choláiste.

Cé go bhfuil a lán limistéar cul-de-sac acu, tá insiúltacht measartha ard ag **Páirc an Tobair, ag Mervue agus ag Páirc an Chaisleáin**, a bhuí le naisc do choisithe amháin idir sráideanna cónaithe agus le príomhbhóithre.

Tá drochnascacht gréasáin siúil ag **Ros Cam, ag Dabhach Uisce agus ag an gCaisleán Gearr**, d'ainneoin scála na tithíochta atáthar ag cur leis na limistéir sin agus d'ainneoin an lín aird daoine óga atá iontu san áireamh.

I **gCnoc na Cathrach**, is féidir fadhb na limistéar cul-de-sac dínasctha a fheiceáil mar phaistí glasa éadroma lena léirítear leibhéal níos ísle insiúltachta i lár na "sárbhloc" atá sainithe ag na príomhbhóithre. Tá an insiúltacht ar dhroch-chaighdeán go háirithe sa limistéar tógtha amach idir **Bóthar an Chlaí Bháin Uachtarach agus Bóthar Stiofáin**, áit nach dtéann aon sráideanna ná aon chosáin tríd ón oirthear go dtí an t-iarthar.[3]

Tá drochleibhéal insiúltachta ag **Páirc Gnó Bhaile an Bhriotaigh agus Páirc Gnó na Páirce Móire** toisc go bhfuil a lán foirgneamh lonnaithe i limistéir cul-de-sac agus nach bhfuil ach dornán slite ann chun dul isteach sna páirceanna gnó, agus chun dul amach astu, de mhodh ar bith.

Tá nascacht siúil an-mhaith ag **Rathún agus ag Seantalamh**. Is rud sármhaith é sin ó thaobh na pátrúnachta féideartha bus agus an chuimsithe shóisialta de, toisc gur léiríodh i léarscáileanna roimhe go bhfuil siad dlúth ó thaobh an lín daoine óga, an lín seanóirí, an lín teaghlach gan charr agus an lín cónaitheoirí de agus toisc gurb airde a leibhéal díothachta ná leibhéal díothachta na cathrach ar an meán.

1 Tá ag áiteanna in aice le dobharlach – amhail an t-aigéan, abhainn nó loch – leibhéal níos ísle insiúltachta ó dhúchas de réir na slaite tomhais sin, toisc gur beag duine atá in ann siúl ar uisce.

2 Tá cosáin siúil neamhphábháilte, amhail na cosáin chré i gCoillte Mhuirlinne, ar áireamh san anailís seo ar an ngréasán, cé nach bhfuil siad inrochtana ná compordach do gach siúlóir. Is féidir amharc ar gach ceann de na naisc shráide agus chosáin, agus is féidir iad a cheartú más gá, ag openstreetmap.org.

3 Tá an insiúltacht ar dhroch-chaighdeán idir Bóthar Bhaile an Mhóinín Uachtarach agus Bóthar an Chlaí Bháin Uachtarach freisin. Tá siad scartha óna chéile ag portach, áfach.

# Pátrúnacht, Éifeachtúlacht agus an Timpeallacht Thógtha

Is féidir le soláthraithe iompair phoiblí níos mó paisinéirí a mhealladh trí sheirbhís atá úsáideach do níos mó daoine a thairiscint.

Mar sin féin, tá tionchar ollmhór ag úsáid talún agus ag dearadh sráideanna ar an líon daoine a bhainfidh leas as seirbhís, ar cá mhéad pátrún a mheallfaidh an tseirbhís agus ar an gcostas atá i gceist leis an tseirbhís a sholáthar.

Is ann do chúig thoisc úsáide talún lena dtugtar le fios go mór go bhfuil acmhainneacht ardphátrúnachta agus ard-éifeachtúlacht seirbhíse ann:

- Dlús
- Insiúltacht
- Líneacht
- Leanúnachas
- Meascán Úsáidí

Tá tuairisc le fáil ar na leathanaigh seo a leanas ar an dóigh a ndéanann na tosca sin difear do phátrúnacht. Tugtar na samplaí léiritheacha ó Ghaillimh.

### Dlús

Tá dhá bhealach bus chomhionanna le feiceáil ar an ngrafaic ar dheis. Tá an bealach ag an mbarr ag taisteal i limistéar ina bhfuil a dhá oiread tithe is atá an bealach ag an mbun.

Má fhanann rudaí eile mar atá, meallfaidh an bealach ag an mbarr níos mó pátrúnachta ar an gcúis bhunúsach go mbíonn níos mó daoine ag iarraidh taisteal isteach sa limistéar agus amach uaidh.

Freagraíonn an dlús an cheist bhunúsach seo: *"Cá mhéad ciliméadar is gá dúinn bus a thiomáint chun 100 duine a shroicheadh?"* Dá mhéad an fad óna chéile a bhíonn daoine is ea is faide is gá don iompar poiblí tiomáint chun iad a shroicheadh, rud is cúis le costais níos airde (nó le minicíocht níos measa).


Tá tithíocht, poist agus scoileanna rí-chomhchruinnithe i lár cathrach na Gaillimhe agus feadh bóithre gathacha áirithe freisin: Bóthar Bhaile Átha Cliath, Bóthar Pháirc an Tobair/Bóthar Mhuine Mheá, Bóthar an Bhóthair Mhóir, Bóthar an Athar Uí Ghríofa agus Bóthar an Chaisleáin Nua/Bóthar Bhóthar na Trá.

Tá dlúthlimistéir bhreise scaipthe ar fud na cathrach, agus iad lonnaithe fad níos faide óna chéile agus fad níos faide ar shiúl ó phríomhbhóithre, mar shampla i nDabhach Uisce, i mBaile an Bhriotaigh, in Mervue agus i Ros Cam, go pointe beag i gCnoc na Cathrach, agus feadh Bhóthar Áth Cinn.

### Cá mhéad duine, post agus gníomhaíocht atá gar do gach stad?



+ Is ann do mhórán daoine agus post laistigh d'achar siúil ó stadanna iompair phoiblí.



- Is ann do líon níos lú daoine agus post laistigh d'achar siúil ó stadanna iompair phoiblí.

Léirítear sna híomhánna ar an gcéad leathanach eile dlúis shamplacha i nGaillimh.

Cé go ndéanann an líon teaghlaigh difear don dlús, is iad na príomhchinntitigh ná cineál, méid agus spásáil na bhfoirgneamh.

Tá ísealdlús ag formhór na limistéar cónaithe i nGaillimh. Is tithíocht cheangailte dhá stór nó trí stór agus líon beag foirgneamh árasán atá trí stór nó níos mó ar airde iad na forbairtí cónaithe is airde dlús i nGaillimh.

Is forbairt ísealdlúis freisin í forbairt tráchtála agus tionscail, áit a bhfuil an chuid is mó d'fhoirgnimh fostaíochta lonnaithe i bhfad óna chéile agus nach bhfuil ach roinnt bheag foirgneamh os cionn trí stór ar airde.

De réir caighdeáin dhomhanda, nó de réir caighdeáin Eorpacha, fiú, ní mheasfaí na limistéir is dlúithe de Ghaillimh a bheith "dlúth".

## Samplaí Dlúis i nGaillimh



**Ísealdlús:** Tá áiteanna cónaithe sa Rinn Mhór agus i Muirbheach ina bhfoirgnimh ísle agus tá siad scartha óna chéile, ar dá bharr atá beagán daoine gar do gach stad bus.





**Dlús níos airde:** De bharr na tithíochta ceangailte i nDabhach Uisce (ar chlé) agus de bharr na bhfoirgneamh árasán feadh Bhóthar an Easpaig Uí Dhónaill (ar dheis), tá a lán cónaitheoirí gar do gach stad bus féideartha.



**Ísealdlús:** Is féidir forbairt tráchtála a sholáthar ag ísealdlúis freisin, faoi mar atá amhlaidh i gcás Ospidéal Pháirc Mhuirlinne, a bhfuil foirgnimh ísle bheaga atá lonnaithe i bhfad óna chéile aige.



**Dlús níos airde:** Tá ag Ospidéal Ollscoile na Gaillimhe foirgnimh arda atá comhchruinnithe i limistéar beag.

# Insiúltacht

Ní leor déine ina haonar chun ardphátrúnacht a chinntiú ag stad bus. Chun stad bus a úsáid, ní mór do dhaoine bheith ábalta an stad a shroicheadh. Is trí shiúl a thosaíonn formhór mór na dturas ar iompar poiblí uirbeach.

Déanann an gréasán sráideanna, na cosáin agus na pointí trasnaithe atá timpeall ar stad bus difear don líon daoine atá sásta agus ábalta siúl chuig an stad. Má tá gréasán sráideanna dínasctha, is féidir go mbeidh an stad bus ar phríomhbhóthar lonnaithe in áit atá measartha fada ar shiúl trí thaisteal de shiúl na gcos, cé go bhfuil sé gar i líne dhíreach trasna na tíre. Mar thoradh air sin, ní bheidh sé úsáideach ach do líon measartha íseal daoine.


Ag acomhail mhóra agus ag timpealláin, is minic a bhíonn stadanna bus lonnaithe i bhfad ar shiúl ón acomhal. Cuireann sé sin fad breise leis an tsiúlóid chuig aon phointe ar an tsráid thrasnaithe.

**I nGaillimh, baineadh an bonn den insiúltacht mar gheall ar an easpa nasc coisithe atá ann idir eastáit.** Tá sé sin amhlaidh i gcás eastáit chónaithe agus eastáit tráchtála/tionscail araon. Le blianta fada anuas, táthar ag ceadú d’fhorbairtí fanacht glan ar phríomhbhóithre agus ballaí a chur suas idir iad féin agus limistéir in aice láimhe, rud a bhaineann an bonn den iompar poiblí. Is siúlóidí indíreacha iad formhór na siúlóidí ó phríomhbhóthar amháin chuig an gcéad cheann eile. Ina lán cásanna, ní féidir siúl eatarthu. Is bac mór é sin ar sheirbhís a sholáthar faoi fhad gearr siúil d’fhormhór na ndaoine agus na gceann scríbe.


Léirítear dhá shampla ar an gcéad leathanach eile. Mar sin féin, d’fhéadfaí a lán samplaí eile a thógáil toisc go bhfuil drochnascacht sráideanna ina fadhb ar fud na Gaillimhe.

Mar a luaitear thuas, is siúlóidí timpeallacha fada iad na siúlóidí idir Bóthar Áth Cinn, Bóthar an Bhóthair Mhóir agus Bóthar an Choláiste. Is ábhar imní é sin toisc go bhfuil sé beartaithe ag scéim an Naisc Traschathrach formhór na mbealaí bus a chomhchruinniú isteach ar Bhóthar an Choláiste. Cuirfidh ganntanas nascachta sráideanna bac ar chumas na gcónaitheoirí lastuaidh chun an tseirbhís sin a shroicheadh. Maolaítear é sin, sa Dréacht-Ghréasán Nua, trí sheirbhís a choinneáil ar bun ar Bhóthar an Bhóthair Mhóir.

***An bhfuil sé furasta siúl idir an stad agus na gníomhaíochtaí in aice láimhe?***



Is ionann an ponc i lár na gciorcal seo agus stad iompair, agus is ga 400 méadar é an ciorcal.



Tá an limistéar ar fad laistigh de 400 méadar ar fad, ach níl ach na sráideanna dubha laistigh de thuras 400 méadar de shiúl na gcos.



Ní mór é a bheith sábháilte an tsráid a thrasnú ag stad. Is gnách go dteastaíonn na stadanna ar an dá thaobh chun taisteal dhá threo a chinntiú!

## Samplaí Insiúltachta i nGaillimh







**Drochnascacht sráideanna:** Ceadaíodh do mhórán limistéar cónaithe, mar shampla iad sin i gCnoc na Cathrach, naisc shráide, nó naisc chosáin fiú, le limistéir in aice láimhe a sheachaint. Mar shampla, níl aon sráideanna ná aon chosáin le dul tríothu ann idir Bóthar an Chlaí Bháin Uachtarach agus Bóthar Stiofáin. (Marcáiltear i ndath bándearg an líne deighilte idir an dá ghréasán sráideanna.) Cuireann sé sin teorainn leis an líon daoine ar féidir leo stad bus a shroicheadh ar cheachtar bóthar.





**Dea-nascacht sráideanna:** Is gnách go mbíonn an nascacht sráideanna níos fearr sna seanlimistéir. I Seantalamh, téann formhór na sráideanna tríd agus déanann siad nasc; is féidir le duine siúl amach as a limistéar cónaithe i roinnt treonna. Is féidir leis an iompar poiblí oibriú ar phríomhbhóithre agus teacht faoi fhad siúil (ní hamháin fad eitilte) de lear daoine in aice láimhe ag an am céanna.

## Líneacht


Suíonn cé na háiteanna go díreach a gceadaítear forbairt iontu *cé chomh líneach agus chomh díreach* is atá na bealaí féideartha iompair phoiblí.

Ar an léaráid ar dheis, tá cinn scríbe atá ailínithe ar dhá dhóigh dhifriúla le feiceáil. Sa bhaile ag an mbarr, tá na cinn scríbe lonnaithe ar an bpríomhbhóthar. Is féidir leis an iompar poiblí freastal ar na cinn scríbe uile i líne dhíreach. Má tá tú ag taisteal tríd an limistéar seo, beidh tú ag taisteal i dtreo do chinn scríbe an t-am ar fad agus ní mhothóidh tú choíche go bhfuil tú do do thabhairt as an mbealach.

Tá na ceithre cinn scríbe chéanna ag an mbaile ag an mbun, ach thug sé cead iad a thógáil i bhfad ar shiúl ón bpríomhbhóthar. Chun freastal ar na háiteanna sin, is gá do bhus tiomáint amach ón bpríomhbhóthar, dul chuig an doras tosaigh, agus ansin tiomáint ar ais chuig an bpríomhbhóthar. Más é sin do cheann scríbe, oirfidh sé sin go foirfe duit. Má tá tú ag taisteal chuig áiteanna eile, áfach, beidh tú do do thabhairt as an mbealach agus beidh do thuras níos faide.

Tabhair faoi deara go bhfuil an líne atá ag freastal ar an mbaile ag an mbun i bhfad níos faide ná mar atá an líne sa bhaile ag an mbarr. Agus í dhá oiread níos faide, beidh sé a dhá oiread níos daoire í a oibriú nó ní bheifear in ann í a thairiscint ach

### *An féidir leis an iompar poiblí oibriú i línte measartha díreach?*





amháin ag leath na minicíochta. Sa tslí sin, fágann forbairt dhínasctha neamhlíneach go bhfuil sé níos doilí íoc as bealaí bus ardmhinicíochta.

Is dúshlán é líneacht a bhaint amach i nGaillimh toisc gurb amhlaidh ina lán cásanna a ceadaíodh do dhlúthfhorbairt suí i bhfad ar shiúl ó phríomhbhóithre, gan naisc sráideanna áitiúla a bheith ann idir forbairtí in aice láimhe. De bhreis air sin, fágann an easpa nasc coisithe idir roinnt limistéar in aice láimhe go bhfuil brú ar bhealaí bus sleamhnú isteach in eastáit agus amach astu, in ionad fanacht ar na príomhbhóithre.

Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe ag déanamh a díchill feabhas a chur ar nascacht coisithe idir limistéir in aice láimhe agus le príomhbhóithre. Le himeacht ama, ba cheart go laghdódh sé sin an brú chun bealaí a chur ar mhalairt slí isteach i bhforbairtí iargúlta agus amach astu.


## Samplaí Líneachta i nGaillimh





**Forbairt líneach:** Leis an dianú atá á spreagadh timpeall Bhóthar Pháirc an Tobair agus Bhóthar Mhuine Mheá, ar bóithre an-líneach iad, tacaítear le bealaí líneacha bus agus le gréasán éifeachtúil. Mar shampla, is é an toradh a bheidh ar fhorbairt Chearnóg na Corónach atá á tógáil in Mervue (a bhfuil ciorcal bándearg uirthi ar chlé) ná go suífear lear post agus seirbhísí in áit a mbeidh sé éifeachtach freastal air le dhá bhealach líneacha bus atá ann cheana.

De réir mar a fhásann Cathair na Gaillimhe feadh na mbealaí bus sin atá ann cheana, agus feadh bealaí bus eile atá ann cheana, tacaíonn sí le hinfheistíochtaí sna minicíochtaí agus sna raonta ar na bealaí sin. Ní hé amháin go dtéann infheistíochtaí den sórt sin chun tairbhe do na forbairtí nua sin, ach téann siad chun tairbhe freisin do na daoine uile atá ag úsáid na mbealaí sin le haghaidh turais eile cheana féin.

## Samplaí Líneachta i nGaillimh, ar lean.




**Forbairt dhínasctha:** Ar an taobh thoir thuaidh de Ghaillimh, ní féidir trí mhórfhorbairt a nascadh lena chéile mar gheall ar an easpa sráideanna ar féidir le busanna oibriú orthu: Ní féidir freastal ar an gCaisleán Gearr, ar Bhaile an Bhriotaigh ná ar an bPáirc Mhór ach amháin trí dheireadh a chur le bealaí. Tá ciorcal bándearg orthu ar an léarscáil den Dréacht-Ghréasán Nua ag an mbarr ar chlé.

Beag beann ar cén treo ina bhfuil duine ag taisteal, ní gá do thuras an duine sin amach as gach ceann de na limistéir sin dul ach i dtreo amháin ar dtús, rud a chuireann teorainn leis an líon áiteanna ar féidir leis nó léi dul chucu laistigh de mhéid réasúnach ama. Dá mbeadh gréasán sráideanna áitiúla níos fearr ann, d'fhéadfadh an bealach sa Chaisleán Gearr dul ar aghaidh go Baile an Bhriotaigh nó go dtí an Pháirc Mhór, agus d'fhéadfadh an bealach i mBaile an Bhriotaigh dul ar aghaidh go dtí an Pháirc Mhór nó go dtí an Caisleán Gearr.

Sa lá atá inniu ann, ní féidir ach leis an limistéar ina aonar údar a thabhairt le seirbhís chuig an limistéar sin. Dá mbeadh siad nasctha, d'fhéadfaí leibhéil níos airde seirbhíse a sholáthar go héifeachtúil. Chomh maith leis sin, bheadh na naisc dhíreacha eatarthu luachmhar do chónaitheoirí agus d'oibrithe atá ag taisteal idir na limistéir sin.

Is féidir iarmhairtí cosúla a fheiceáil timpeall Bhóthar Bhaile Átha Cliath, áit a bhfágann an easpa sráideanna ón oirthear go dtí an t-iarthar idir limistéir in aice láimhe nach féidir freastal ar gach limistéar ach amháin le malairt slí nó le taobh ceann turais de bhealach a sholáthar. Tá malairtí slí i mbealaí ina gcúis frustrachais do thréphaisinéirí, agus níl bealaí a bhfuil láthair ceann turais acu chomh húsáideach ná chomh héifeachtúil is a bheadh trébhealaí.

Déanann sé sin difear don Rinn Mhór, do Mhuirbheach agus do Ros Com ar an taobh theas de Bhóthar Bhaile Átha Cliath agus déanann sé difear d'Ospidéal Pháirc Mhuirlinne, do Dhabhach Uisce agus do Chlinic na Gaillimhe ar an taobh thuaidh de.

Dá mbeadh gréasán sráideanna áitiúla níos fearr ann, d'fhéadfaí na limistéir sin a nascadh go díreach lena chéile (ag leanúint na bpatrún teoiriciúil a bhfuil dath bándearg orthu ar an léarscáil ag an mbun ar chlé). Is é an toradh a bheadh air sin ná go gcuirfí feabhas ar an rochtain eatarthu agus go méadófaí éifeachtúlacht an ghréasáin fhoriomláin, rud lena gcumasófaí leibhéil níos airde seirbhíse chuig gach limistéar.

## Leanúnachas

Maidir leis an iompar poiblí, is toisc ríthábhachtach taobh thiar de chostas na seirbhíse é fad.


Is costasaí áiteanna atá i bhfad ar shiúl a nascadh ná áiteanna atá in aice láimhe a nascadh agus, mar atá tuairiscithe ar leathanach 25, teastaíonn méadú sa chaiteachas nó laghdú sna minicíochtaí chun fad na mbealaí a mhéadú.

Ar an gcúis sin, ginfear pátrúnacht níos airde, i gcoibhneas le costais, ó na háiteanna ina bhfuil *dlús leanúnach agus gníomhaíochtaí leanúnacha* feadh bóthair.

Is measartha leanúnach atá an fhorbairt i nGaillimh, agus an chuid is mó d'fhorbairtí nua lonnaithe i ngar do limistéir fhoirgnithe atá ann cheana (in ionad iad a bheith lonnaithe thar bhearnaí leathana de thalamh talmhaíochta nó de spás oscailte). Fágann sé sin nach bhfuil sé chomh costasach céanna bealaí a shíneadh chuig forbairt nua toisc nach gá ach fad gearr a chur leo agus fágann sé go bhfuil an gréasán níos éifeachtúla ná mar a bheadh sé dá scaipfí forbairt ar bhonn níos leithne.

Tá sé amhlaidh, áfach, go bhfuil roinnt bheag forbairtí atá tábhachtach ón taobh sóisialta de á suí thar bhearnaí tuaithe nó ar an taobh thall de limistéir chónaithe ísealdlúis. Beidh sé doiligh seirbhís mhinic úsáideach a sholáthar do na forbairtí sin.

### *An gá don iompar poiblí bearnaí fada a thrasnú?*



+ Tá achair ghearra idir a lán ceann scríbe níos gasta agus tá sé níos fusa freastal orthu.



- Ciallaíonn achair fhada idir cinn scríbe gurb airde an costas in aghaidh an phátrúin.

Chun sampla atá ann cheana a thabhairt, tógadh Clinic na Gaillimhe ar an taobh thall den N67, gan naisc sráideanna áitiúla nua le limistéir fhoirgnithe atá ann cheana a bheith á soláthar. Tá sé lonnaithe fad gearr ar shiúl. Is minic is turas mall é, áfach, mar gheall ar phlódú ar an N67, agus is gá gurb iad riachtanais agus éileamh na forbartha aonair sin an t-aon údar amháin le costas na malairte slí chun an Clinic a shroicheadh.

## Meascán Úsáidí


Déanann an meascán úsáidí feadh bóthair difear don líon paisinéirí is féidir leis an iompar a mhealladh, i gcoibhneas leis an gcostas. Is gnách go ngineann meascán úsáidí pátrúnacht sa dá threo ag a lán amanna den lá agus den tseachtain.

Déantar an t-iompar poiblí i limistéir atá cónaithe ar fad a úsáid i dtreo amháin den chuid is mó – amach ó na tithe cónaithe agus i dtreo na bpost. Is minic nach mbaintear mórán úsáide as lasmuigh de bhuaicthráthanna tráchta.

Is ann do thrí dhóigh ar féidir le patrúin forbartha úsáide measctha tacú le hiompar poiblí éifeachtúil ardphátrúnachta:

- Is féidir le feithiclí bheith lán sa dá threo, in ionad iad a bheith folamh leath an ama. Fágann sé sin gur féidir lena dhá oiread pátrúnachta a bheith ann, i gcoibhneas leis an gcostas oibriúcháin.
- Is féidir le feithiclí bheith lán an lá ar fad agus an tseachtain ar fad, in ionad iad a bheith lán ag buaicthráthanna tráchta agus ag na tráthanna sin amháin. Is ag tacú le níos mó paisinéirí ar an iomlán atá an costas a bhaineann leis na feithiclí a cheannach agus a chothabháil.
- Más rud é go dtéann daoine ar bord agus go dtuirlingíonn siad ag áiteanna feadh an bhealaigh, úsáidfear an bealach le haghaidh a lán turas gearr. Is úsáideach do lear daoine a bhíonn gach suíochán ar an bhfeithicil.

***An mbíonn daoine ag taisteal sa dá threo an lá ar fad?***





Tá ardmheascán úsáidí ag Gaillimh i limistéir stairiúla. Tógadh na forbairtí níos nuaí le haghaidh úsáid aonair amháin, áfach. Mar shampla:

- Limistéar cónaithe ina iomláine, beagnach, is ea Cnoc na Cathrach.
- Is páirceanna tionscail agus tráchtála ina n-iomláine iad Páirc Gnó na Páirce Móire agus Páirc Gnó Bhaile an Bhriotaigh, ar páirceanna móra iad freisin.
- Forbraíodh Páirc an Chaisleáin, an Caisleán Gearr, Rathún agus limistéir feadh Bhóthar Áth Cinn mar fhorbairtí cónaithe ina n-iomláine.
- Tá ag Bearna agus ag Órán Mór príomhshráideanna stairiúla a bhfuil forbairtí tráchtála agus miondíola lonnaithe iontu. Is forbairtí cónaithe ina n-iomláine iad formhór na bhforbairtí nua, áfach.

## Samplaí de Leanúnachas agus de Mheascán Úsáidí i nGaillimh




**Forbairt leanúnach dhlúth líneach:** Tá Bóthar Bhóthar na Trá/Bóthar an Chaisleáin Nua (a léirítear ag an mbarr ar chlé) agus an chuid inmheánach de Bhóthar Bhaile Átha Cliath (a léirítear ag an mbun ar chlé) ar dhá cheann de na margaí is láidre le haghaidh iompar poiblí i nGaillimh.

Ar Bhóthar Bhóthar na Trá/Bhóthar an Chaisleáin Nua, is ard atá an dlús post agus cónaitheoirí feadh an fhaid iomláin, beagnach, toisc gurb ann do thithe beaga agus ceangailte, do mhórán gnólachtaí beaga os comhair an bhóthair, do líon an-bheag carrchlós agus do na mórmhoil ghníomhaíochta ag Ospidéal Ollscoile na Gaillimhe agus ag Ollscoil na hÉireann. Do gach ciliméadar a thaistealaíonn bus ar an mbóthar sin, téann sé thar lear daoine agus an iliomad ceann scríbe, a bhfuil gach ceann díobh lonnaithe laistigh d’fhaid an-ghearr siúil ó na stadanna bus.

Ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath, idir Páirc an Tobair agus Geata Ospidéal Mhuirlinne, tá an dlús níos ísle de bharr carrchlóis mhóra, goirt agus páirceanna imeartha a bheith ann. Mar sin féin, tá lear gnólachtaí, oifigí agus seirbhísí sóisialta le bheith lonnaithe anseo: Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh, oifigí an Gharda Síochána, Ospidéal Bon Secours, óstáin, scoileanna agus nithe eile, mar aon le roinnt árasán. Is féidir freastal ar thurais feadh Bhóthar Bhaile Átha Cliath go héifeachtúil le bealach líneach minic.

## Samplaí de Leanúnachas agus de Mheascán Úsáidí i nGaillimh










**Bearnaí tuaithe:** Is ag bearnaí tuaithe atá baile Órán Mór (ag an mbarr) agus baile Bhearna (ag an mbun) scartha ó Chathair na Gaillimhe. Is annamh a bhíonn bealaí bus idir bailte agus cathracha chomh minic is a bhíonn bealaí bus laistigh de chathracha. Tá sé sin amhlaidh, go bunúsach, toisc go bhfuil líon níos lú daoine in aghaidh an chiliméadair ann i limistéir thuaithe, rud a laghdaíonn an phátrúnacht in aghaidh an bhus. Dá réir sin, tá sé níos doilí údar a thabhairt le seirbhís mhinic. Ós rud é go mbíonn an chuid is mó de phaisinéirí ag taisteal isteach sa chathair, ní bhaintear an méid céanna úsáide as busanna sa treo eile.

**Bearnaí uirbeacha:** Is féidir le bearnaí idir limistéir a bhfuil acmhainneacht ardphátrúnachta acu a bheith ann i limistéir uirbeacha freisin. Mar shampla, fágann an galfchúrsa agus na goirt feadh Bhóthar Bhaile an Rí, a léirítear ar dheis, go bhfuil beagán éilimh ann ar sheirbhís bus sa limistéar sin (agus tá cosán atá nasctha le seirbhís mhinic bus ar Bhóthar Dáileacháin an Iarthair ag na tithe lastuaidh den bhóthar). Is féidir le tithíocht ísealdlúis nó le forbairt tráchtála ísealdlúis bearnaí a chruthú idir limistéir a bhfuil éileamh níos airde iontu freisin, mar a thuairiscítear ar an leathanach roimhe maidir leis an tithíocht shóisialta nua atá á tógáil ar imeall Chnoc na Cathrach.

# 5 Forbhreathnú ar an Dréacht-Ghréasán Nua

# Conas na Léarscáileanna den Ghréasán a Léamh

## Léiríonn na Dathanna an Mhinicíocht

Sna léarscáileanna ar an gcéad dá leathanach eile, **is don mhinicíocht a sheasann na dathanna bealaigh.** Tá na bealaí uile dathchódaithe de réir a minicíochta ar laethanta le linn na seachtaine ag meán lae.

- Tugann línte **dúdhearga** seirbhís an-mhinic le fios, áit a dtagann bus gach 10 nóiméad.
- Tugann línte **dearga** seirbhís mhinic le fios, áit a dtagann bus gach 15 nóiméad nó níos minice.
- Tugann línte **corcra** bealaí ina dtagann bus gach 20 nóiméad le fios.
- Tugann línte **dúghorma** bealaí ina dtagann bus gach 30 nóiméad le fios.
- Tugann línte **bánghorma** bealaí ina dtagann bus gach 60 nóiméad le fios.

## Uimhreacha Bealaigh Nua

Tugadh uimhreacha nua do gach ceann de na bealaí atá beartaithe, chun idirdhealú a dhéanamh idir iad agus bealaí atá ann cheana de chuid na Gaillimhe.

Más rud é, áfach, go bhfuil bealach atá beartaithe an-chosúil le bealach atá ann cheana, tugtar uimhir ghaolmhar dó. Mar shampla:


- Tá Bealach 1 atá beartaithe cosúil le Bealach 401 atá ann cheana.
- Tá Bealach 4 atá beartaithe cosúil le Bealach 404 atá ann cheana.
- Tá Bealach 9 atá beartaithe cosúil le Bealach 409 atá ann cheana.

Ní uimhreacha deiridh iad na huimhreacha atá beartaithe, agus is féidir go n-athrófar iad sula gcuirfear an Gréasán Nua Deiridh i bhfeidhm.

## Bealaí a Scoilteadh ina gCraobhacha

Dhéanfaí roinnt bealaí sa Dréacht-Ghréasán Nua a scoilteadh. Léirítear é sin ar na léarscáileanna lena ngabhann an léaráid seo:

**Ní cómhalartuithe iad sin.** Tagann na busanna ar na "craobhacha" neamh-mhinice le chéile chun an "trunc" minic a chruthú.




Sa sampla ag an mbarr, tá Bealach 10 ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath comhdhéanta de Bhealaí 10A agus 10B i dtreo Órán Mór agus amach as. Tairgeann Bealach 10A agus Bealach 10B araon minicíocht 30 nóiméad agus, mar a bhfuil siad le chéile ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath, tá siad sceidealaithe sa tslí is go dtiocfaidh ceachtar acu gach 15 nóiméad.

Tá sé sin amhlaidh freisin i gcás Bhealaí 9A agus 9B san iarthar, a thagann le chéile chun Bealach 9 a chruthú agus a leanann ar aghaidh go lár na cathrach agus go dtí an Pháirc Mhór.

## Éire a Nascadh

Ar an léarscáil ar an gcéad leathanach eile, marcáiltear leis an lipéad "CI" na bealaí lena nasctar Gaillimh leis an gCeathrú Rua, leis an gClochán, le Tuaim, le Caisleán an Bharraigh, le Clár Chlainne Mhuiris, le Baile Chláir, leis an gCreagán, le Baile Átha Luain agus le Luimneach. Pleanálfar na bealaí sin i bpróiseas leithleach tríd an tionscnamh 'Éire a Nascadh'. Tabharfar aghaidh sa phróiseas sin ar na bailte a bhfreastalaíonn siad orthu, ar a minicíochtaí agus ar a n-uaireanta seirbhíse. Is naisc thábhachtacha iad na naisc idir na bealaí idiruirbeacha sin agus gréasán uirbeach na Gaillimhe, agus is é sin an fáth a léirítear iad ar léarscáil an Dréacht-Ghréasáin Nua.

## Tuairiscí ar na Bealaí

Tugtar tuairiscí de réir na sráideanna ar gach bealach atá beartaithe ar leathanach 74.

Tugtar tuairiscí ar na minicíochtaí agus na raonta (uaireanta seirbhíse) atá beartaithe ar leathanach 98.

# Léarscáil den Dréacht-Ghréasán Nua




Chun féachaint níos grinne ar an Dréacht-Ghréasán Nua, bain úsáid as na hacmhainní atá ar fáil ag busconnects.ie/galway, go háirithe an léarscáil ar líne.

# An tSeirbhís Bheartaithe i Lár na Cathrach

Léirítear cuid lár na cathrach den Dréacht-Ghréasán Nua ar dheis. D'fhreastalódh gach bealach sa Dréacht-Ghréasán Nua ar lár na cathrach.

Cuirtear scéim an Naisc Traschathrach, a thuairiscítear ar na leathanaigh dar tosach leathanach 19, san áireamh sa dearadh bealaí i lár na cathrach. Tá iarratas pleanála le haghaidh na scéime á bhreithniú ag an mBord Pleanála faoi láthair. Má thugtar toiliú le haghaidh na scéime, tá an obair thógála le tosú lom láithreach agus tá sé beartaithe go mbeidh sí críochnaithe sa bhliain 2025, in am do chur chun feidhme an ghréasáin nua.

D'úsáidfeadh an chuid is mó de bhealaí traschathrach an Nasc Tosaíochta Bus, agus d'úsáidfeadh Bealaí 3 agus 7 conairí comhthreomhara chun faid réasúnacha siúil agus bealaí líneacha a sholáthar do dhaoine sa Bhóthar Mór, sa Chladach agus i bPaáid na Spáinneach.

Ba é an t-aon bhealach uirbeach amháin a chríochnódh sa lár ná Bealach 424 An Cheathrú Rua/Bearna. Chríochnódh na bealaí uile eile ar limistéir fhorimeallacha na Gaillimhe agus i mBearna agus in Órán Mór. Is athrú mór é sin ón nGréasán atá ann cheana agus, chun é a dhéanamh, is gá spásanna idirstad bus agus saoráidí scíthe tiománaithe (leithris go háirithe) a thógáil ag na láithreacha ceann turais amuigh de na bealaí sin.




# Athruithe i gCumhdach

Leis an Dréacht-Ghréasán Nua, sholáthrófaí seirbhís nua i limistéir áirithe nach mbítear ag freastal orthu faoi láthair. Marcáiltear iad i ndath buí ar an léarscáil thíos, agus áirítear na limistéir seo a leanas leo:


- Bóthar Bhaile an Mhóinín Uachtarach
- An chuid theas den Chuarbhóthar
- Ros Cam
- Bóthar an Chósta, idir Cathair na Gaillimhe agus Órán Mór
- An t-imeall theas d'Eastát Tionscail Pháirc na bhFianna
- Bóthar an Stáisiúin in Órán Mór
- Cnoc Odhráin

Toradh eile a bheadh ar an Dréacht-Ghréasán Nua ba ea go mbainfí seirbhís de roinnt bóithre, a mharcáiltear i ndath bándearg ar an léarscáil thíos. Sna cásanna sin, ba bheag a bheadh an líon iomlán daoine a ndéanfaí difear dóibh, ach sholáthrófaí seirbhís fheabhsaithe faoi fhad gearr siúil. Dá mbainfí an dornán codanna beaga sin, rachfaí chun tairbhe do líon ard daoine toisc go ndéanfaí bealaí bus níos líní agus níos dírí agus go ndéanfaí an gréasán níos simplí dá bharr.

Ar an iomlán, mhéadófaí ó 62% go 67% an sciar de chónaitheoirí atá laistigh de 400 méadar ó stad bus (ar turas thart ar chúig nóiméad de shiúl na gcos é), agus méadú cosúil ann sa sciar de phoist atá gar do stad bus.



# Léarscáil de Chumhdach an Dréacht-Ghréasáin Nua




**Mar thoradh ar an Dréacht-Ghréasán Nua, mhéadófaí ó 62% go 67% an sciar de chónaitheoirí atá laistigh de 400 méadar ó stad bus.** Ar an léarscáil seo, tá dath glas ar roinnt foirgneamh atá lonnaithe níos mó ná fad siúil 400 m ó stad bus ar an nGréasán atá ann cheana (a bhfuil dath oráiste orthu ar an léarscáil ar leathanach 34).

Ní féidir seirbhís a sholáthar laistigh de 400 m ó gach foirgneamh. Tá sé sin amhlaidh toisc go gcuireann íseal-nascacht sráideanna teorainn le clúdach roinnt stadanna bus ina lán limistéar. Cé go bhfuil sé beartaithe bealaí a sholáthar le haghaidh gach príomhbhóthair i gCnoc na Cathrach, mar shampla, beidh roinnt áiteanna cónaithe lonnaithe níos mó ná fad siúil 400 m ó stad bus fós. Tá an staid chéanna le feiceáil i nDabhach Uisce, i Ros Cam, i Muirbheach, i bPáirc an Chaisleáin agus feadh Bhóthar Áth Cinn.

# Minicíochtaí Níos Airde agus Bealach Nua 24 hUaire an Chloig

Tuairiscítear sa ghrafaic thíos na minicíochtaí beartaithe le haghaidh gach bealaigh, de réir an ama den lá agus de réir an lae den tseachtain.

D'oibreodh gach bealach seacht lá in aghaidh na seachtaine. D'oibreodh seirbhís ar gach bealach ó 6 am go meán oíche ar laethanta le linn na seachtaine agus ar an Satharn. Thairgfeadh Bealach 9 (agus craobh 9A) seirbhís thar oíche freisin.

Ar an Domhnach, thosódh roinnt bealaí ag 7 am (in ionad 6 am) agus chríochnódh siad ag 11 pm (in ionad meán oíche). Ba ghiorra ar an Domhnach a bheadh uaireanta oibre na minicíochtaí is fearr de chuid na mbealaí.


Thiocfadh méadú ar ghréasán minic na Gaillimhe. In ionad an dá bhealach a thairgeann ardmhinicíocht faoi láthair (gach 15 nóiméad nó níos minice), thairgfeadh *trí* bhealach ardmhinicíocht (Bealaí 1, 9 agus 10) ar an dá thaobh den chathair.

Mar thoradh air sin, bheadh 33% de chónaitheoirí laistigh de thuras cúig nóiméad de shiúl na gcos ó sheirbhís mhinic (i gcomparáid le 19% ar an nGréasán atá ann cheana).

D'oibreodh craobhacha de bhealaí ag leath na minicíochta a d'oibreodh an bealach trunca. Le linn amanna lae ar laethanta le linn na seachtaine, fágann sé sin, mar shampla, go dtairgfeadh Bealaí 9A agus 9B seirbhís gach 20 nóiméad le linn na n-amanna ag a dtairgfeadh Bealach trunca 9 seirbhís gach 10 nóiméad. D'oibreodh craobhacha Bhealach 10 (10A agus 10B) ar an dóigh chéanna, agus iad ag soláthar seirbhíse gach 30 nóiméad ag na hamanna a sholáthródh an bealach trunca seirbhís gach 15 nóiméad.

Soláthraítear táblaí téacsbhunaithe thíos de mhinicíochtaí na mbealaí, ag tosú ar leathanach 98.

**Minicíochtaí Bhealaí Bus Dhréacht-Ghréasán na Gaillimhe**




**Nótaí** * Ní léirítear ar an gcairt seo ach minicíocht thurais Bhealach 424 idir Stáisiún an Cheanntaigh agus Bearna. Leanfaidh roinnt turas ar Bhealach 424 ar aghaidh go dtí an Cheathrú Rua, go Leitir Mealláin agus go Cearna, i measc áiteanna eile, agus amach astu araon.

# Tuairisc de réir an Bhealaigh

Sa tábla ar an leathanach seo, tugtar tuairisc téacs mhionsonraithe ar gach bealach agus craobh atá beartaithe sa Dréacht-Ghréasán Nua.

Léirítear sna minicíochtaí a thuairiscítear sa tábla seo an mhinicíocht a sholáthraítear ar laethanta le linn na seachtaine idir 7 am agus 8 pm. Soláthraíonn na bealaí uile an mhinicíocht sin ar an Satharn le linn an lae freisin.

D'oibreodh Bealach 9 (agus craobh 9A) ar feadh 24 huaire an chloig sa lá, seacht lá sa tseachtain, agus é ag teacht uair amháin in aghaidh na huaire, a bheag nó a mhór, idir meán oíche agus 5 am.

| Bealach | Ó | Trí | Go | Minicíocht | In Ionad Bhealaí... |
|---|---|---|---|---|---|
| 1 | Gateway | Bóthar Dáileacháin an Iarthair – Bóthar na Mine – Promanáid Bhóthar na Trá – Bóthar Bhóthar na Trá Uachtarach – Bóthar Mhuire – Bóthar an Chaisleáin Nua – Bóthar na hOllscoile – Ardeaglais na Gaillimhe – Lár na Cathrach (trí Nasc Traschathrach) – Bóthar an Choláiste – Bóthar Mhuine Mheá – Bóthar an Bhaile Bháin – Bóthar Pháirc an Chaisleáin – Bóthar Mhuine Mheá – Bóthar na Páirce Móire | Páirc Gnó na Páirce Móire | 15 nóiméad | 401 |
| 3 | Gateway | Bóthar Dáileacháin an Iarthair – Bóthar an Chlaí Bháin Uachtarach – Bóthar Rathúin – Bóthar Dhiarmada – Bun an Chnoic – An Cuarbhóthar – Bóthar Shéamais Uí Chuirc – Bóthar an Chaisleáin Nua – Bóthar na hOllscoile – Ardeaglais na Gaillimhe – Lár na Cathrach (trí Nasc Traschathrach) – Cnoc na Radharc – Bóthar Thuama – Ascaill Uí Chonghaile – Bóthar San Séamas – Bóthar an Bhaile Bháin | Eastát Tionscail Bhaile an Bhriotaigh | 20 nóiméad | 405 |
| 4 | Gateway | Páirc Gnó na Gaillimhe Thiar – Bóthar Rathúin – Bóthar Shéamais Uí Chuirc – Bóthar Le Chéile – Bóthar Shiobhán Nic Cionnaith – Bóthar Thomáis Uí Eidhin – Bóthar an Chaisleáin Nua Uachtarach – Bóthar an Chaisleáin Nua – Bóthar na hOllscoile – Ardeaglais na Gaillimhe – Lár na Cathrach (trí Nasc Traschathrach) – Bóthar an Choláiste – Bóthar Bhaile Átha Cliath – Bóthar na Rinne Móire – Céide na Sceiche Gile – Céide na Fiúise – Bóthar Bhaile an Locháin – Bóthar Bhaile Átha Cliath | Ospidéal Pháirc Mhuirlinne | 30 nóiméad | 402 + 404 |
| 7 | Bóthar na Ceapaí | Bóthar Bhearna – Bóthar Chnoc na Cathrach – Bóthar Bhóthar na Trá Uachtarach – Promanáid Bhóthar na Trá – Bóthar Bhóthar na Trá Uachtarach – Bóthar Grattan – Bóthar na Trá Báine – Bóthar an Athar Uí Ghríofa – Bóthar na nDuganna/Bóthar na gCeannaithe – Lár na Cathrach – Sráid Eglinton – Bóthar Áth Cinn – Bóthar Chúil Each – Arda Thír Oileáin – Bóthar Áth Cinn – Bóthar an Chóiste | An Caisleán Gearr | 20 nóiméad | 407 |
| 9 | Gateway | Ionad Siopadóireachta Gateway – Bóthar Dáileacháin an Iarthair – Bóthar Rathúin – Bóthar Shéamais Uí Chuirc – Bóthar na hOllscoile – Ardeaglais na Gaillimhe – Lár na Cathrach (trí Nasc Traschathrach) – Bóthar an Choláiste – Bóthar Bhaile Átha Cliath – Bóthar Dhabhach Uisce – Bóthar na Páirce Móire | Páirc Gnó na Páirce Móire | 10 nóiméad | 409 |
| 9A | Bóthar na Ceapaí | Bóthar Dáileacháin an Iarthair – Ionad Siopadóireachta Gateway – Bóthar Dáileacháin an Iarthair – Bóthar Rathúin – Bóthar Shéamais Uí Chuirc – Bóthar na hOllscoile – Ardeaglais na Gaillimhe – Lár na Cathrach (trí Nasc Traschathrach) – Bóthar an Choláiste – Bóthar Bhaile Átha Cliath – Bóthar Dhabhach Uisce – Bóthar na Páirce Móire | Páirc Gnó na Páirce Móire | 20 nóiméad | 411 |
| 9B | Bóthar Bhaile an Mhóinín | Bóthar Bhaile an Mhóinín Uachtarach – Bóthar Bhaile an Mhóinín Íochtarach – Bóthar Sheanghoirt – Bóthar an Chlaí Bháin Íochtarach – Ionad Siopadóireachta Gateway – Bóthar Dáileacháin an Iarthair – Bóthar Rathúin – Bóthar Shéamais Uí Chuirc – Bóthar na hOllscoile – Ardeaglais na Gaillimhe – Lár na Cathrach (trí Nasc Traschathrach) – Bóthar an Choláiste – Bóthar Bhaile Átha Cliath – Bóthar Dhabhach Uisce – Bóthar na Páirce Móire | Páirc Gnó na Páirce Móire | 20 nóiméad | NUA + 411 |
| 10* | Bóthar an Bhóthair Aird | Bóthar Mhóinséil – Bóthar Sheantalaimh – Bóthar Cholm Cille – Bóthar Mhic Coisteala – Bóthar an Chaisleáin Nua – Bóthar na hOllscoile – Ardeaglais na Gaillimhe – Lár na Cathrach (trí Nasc Traschathrach) – Bóthar an Choláiste – Bóthar Bhaile Átha Cliath – (*trí Chlinic na Gaillimhe agus Bóthar Isteach an Oirthir NÓ trí Ros Cam agus Bóthar an Chósta) – An Phríomhshráid | Órán Mór | 15 nóiméad | NUA |
| 10A | Bóthar na Trá | Leisureland – Bóthar Charraig Bhartúin – Promanáid Bhóthar na Trá – Bóthar na Mine – Bóthar an Bhóthair Aird – Bóthar Mhóinséil – Bóthar Sheantalaimh – Bóthar Cholm Cille – Bóthar Mhic Coisteala – Bóthar an Chaisleáin Nua – Bóthar na hOllscoile – Ardeaglais na Gaillimhe – Lár na Cathrach (trí Nasc Traschathrach) – Bóthar an Choláiste – Bóthar Bhaile Átha Cliath – Clinic na Gaillimhe – An N67 – An Phríomhshráid | Órán Mór tríd an N67 | 30 nóiméad | 404 |
| 10B | Gateway | Bóthar Dáileacháin an Iarthair – Bóthar na Mine – Bóthar an Dochtúra Uí Mhainchín – Gairdíní Devon – Bóthar an Bhóthair Aird – Bóthar Mhóinséil – Bóthar Sheantalaimh – Bóthar Cholm Cille – Bóthar Mhic Coisteala – Bóthar an Chaisleáin Nua – Bóthar na hOllscoile – Ardeaglais na Gaillimhe – Lár na Cathrach (trí Nasc Traschathrach) – Bóthar an Choláiste – Bóthar Bhaile Átha Cliath – Bóthar Dhabhach Uisce – Ros Cam – Bóthar an Chósta – An Phríomhshráid | Órán Mór trí Ros Cam | 30 nóiméad | NUA |
| 424 | Bearna | Bóthar Bhearna – Bóthar Sheanghoirt – Bóthar an Chlaí Bháin Íochtarach – Bóthar Dáileacháin an Iarthair – Ionad Siopadóireachta Gateway – Bóthar Dáileacháin an Iarthair – Bóthar Rathúin – Bóthar Shéamais Uí Chuirc – Bóthar na hOllscoile – Ardeaglais na Gaillimhe – Lár na Cathrach | Stáisiún an Cheanntaigh | 60 nóiméad | 424 |

*Soláthraíonn Bealach 10 seirbhís gach 15 nóiméad idir Órán Mór agus Gaillimh. Imíonn craobhacha Bhealach 10 óna chéile idir Órán Mór agus Bóthar Bhaile Átha Cliath. Sna háiteanna ina bhfuil siad scartha óna chéile, soláthraíonn an dá chraobh seirbhís gach 30 nóiméad.

# 6 Comparáid idir an Gréasán atá ann cheana agus an Dréacht-Ghréasán Nua

# Iompar Poiblí agus Rochtain ar Dheiseanna

Ní féidir a thuar cá mhéad duine go díreach a d'fhéadfadh gréasán feabhsaithe bus a úsáid. Ní bhíonn sé indéanta an todhchaí a thuar, mar a chonaiceamar le paindéim Covid-19 le déanaí. Is féidir samhlacha iompair réamhaisnéise a úsáid chun pátrúnacht iompair phoiblí sa todhchaí a thuar. Chun iad a úsáid, áfach, ní mór dúinn an iliomad toimhdí a dhéanamh faoin todhchaí. Beidh roinnt de na toimhdí sin, ar a laghad, mícheart sa deireadh.


Ar leibhéal an duine aonair, tá sé doiligh freisin pátrúnacht iompair phoiblí a thuar. Tá sé doiligh a thuar conas a dhéanfaidh duine a chinntí taistil nó a cinntí taistil sa todhchaí má thagann athruithe ar an áit a gcónaíonn sé nó sí ann, ar an áit a n-oibríonn sé nó sí ann, ar phraghsanna breosla, ar phlódú tráchta, ar cháilíocht na seirbhíse iompair phoiblí, ar fheabhsuithe ar shaoráidí rothaíochta agus siúil, agus ar a chumas nó a cumas féin chun carr a thiomáint, i measc nithe eile.

Ós rud é go bhfuil an oiread sin éiginnteachta ann, is féidir linn a bheith ag brath ar shlata tomhais níos simplí lena ndírítear ar na hiarmhairtí garthéarma a bhíonn ag athruithe agus lena n-éilítear níos lú toimhdí faoin todhchaí. Slat tomhais amháin den sórt sin is ea "rochtain", rud a dtugtar "inrochtaineacht" air in amanna freisin. Le rochtain, tomhaistear cé chomh húsáideach is atá gréasán iompair phoiblí d'aon duine ag a bhfuil méid teoranta ama le caitheamh ag taisteal.

Tá an t-iompar poiblí úsáideach a mhéid a chuireann sé ar chumas daoine dul chuig na háiteanna ar mhaith leo dul chucu, agus déanamh amhlaidh laistigh de thréimhse réasúnach ama. **Dá mhéad ceann scríbe is féidir leat a shroicheadh laistigh de thréimhse réasúnach ama is ea is mó an rochtain a bhíonn agat ar dheiseanna.**

Nuair a thomhaisimid rochtain, mar a léirítear ar dheis, úsáidimid sonraí Daonáirimh ina léirítear cá bhfuil daoine ag cónaí agus ag obair. Úsáidimid uimhríocht ansin chun na hagaí taistil idir na cónaitheoirí agus na poist uile a shuimiú. Déantar cur síos ar an uimhríocht sin ar an gcéad leathanach eile.

Modh iontaofa le haghaidh pátrúnacht a mhéadú is ea cathracha agus a ngréasáin iompair phoiblí a dhearadh sa dóigh is go mbeidh rochtain ag níos mó daoine ag níos mó deiseanna.



# Cé na nithe a dhéanann difear don rochtain ar an iompar poiblí?

Déanann na nithe seo a leanas difear don rochtain ar dheiseanna d'iompar poiblí:

- **Cá mhéad ceann scríbe atá gar don iompar poiblí**
- **Cá fhad is gá do dhuine taisteal de shiúl na gcos** chuig an tseirbhís agus ón tseirbhís
- **Cá fhad is gá do dhuine feitheamh** le haghaidh na seirbhíse
- **Cé chomh fada agus is gá do dhuine taisteal** san fheithicil iompair phoiblí
- **Luas** na feithicle
- **Cá fhad is gá do dhuine feitheamh chun cómhalartú** idir seirbhísí

Tá smacht ag oibritheoirí iompair phoiblí agus ag pleanálaithe iompair phoiblí ar roinnt de na tosca sin: an t-aga feithimh, an cómhalartú, cé chomh díreach is atá an bealach, cén áit a soláthraítear seirbhís.

Tá níos lú smachta acu, nó níl aon smacht acu, ar thosca eile a dhéanann difear do rochtain: luas an iompair phoiblí, faid taistil, nó cén áit a bhfuil poist agus tithe lonnaithe. De ghnáth, bíonn na tosca sin faoi smacht na n-údarás áitiúil toisc go mbainistíonn siad úsáid talún, forbairt agus bóithre.

## Agaí Turais a Mheas

Nuair a labhraíonn daoine faoi agaí turais iompair phoiblí, is minic a dhíríonn siad ar an am a chaitear ar an mbus. Áirítear le turais iompair phoiblí freisin an t-am a chaitear ag siúl agus ag feitheamh, ar mó é uaireanta ná an t-am a chaitear ar an bhfeithicil féin.



### Siúl chuig an stad agus uaidh araon

Is trí shiúl a thosaítear agus a chríochnaítear formhór na dturas iompair phoiblí.



### Feitheamh leis an gcéad bhus eile

Ní bhíonn ort feitheamh i dtús do thurais amháin, bíonn ort feitheamh ag deireadh an turais freisin. Cé gur féidir leat an baile a fhágáil tamaillín sula n-imíonn do bhus, tarlaíonn sé, má thagann do bhus go hainmhinic, gur minic gur gá duit do cheann scríbe a shroicheadh go róluath ionas nach mbeidh tú mall.


Más gá duit cómhalartú, beidh ort feitheamh uair amháin eile.

Tarlóidh sé ar an meán go gcaithfidh gach paisinéir thart ar aon leath de mhinicíocht na mbealaí atá i gceist a chaitheamh ag feitheamh.



### Ar bhord na feithicle

Déanann an fad agus an luas difear don am a chaitear ar bord. Agus agaí taistil ar an Dréacht-Ghréasán Nua á suimiú againn, d'úsáideamar toimhdí coimeádacha (malla) agus níor chuireamar na luasanna níos tapa san áireamh. Thiocfadh sé sin as Nasc Traschathrach. Is é an toradh a bheidh ar fheabhsuithe ar luasanna ná go dtiocfaidh méadú ar an rochtain atá ag tuilleadh daoine ar phoist.



# Rochtain Fheabhsaithe ó Láithreacha Samplacha

Léirítear ar na léarscáileanna ar na leathanaigh seo a leanas cé na hathruithe a dhéanfadh an Dréacht-Ghréasán Nua ar rochtain, ó shé láthair shamplacha, ar laethanta le linn na seachtaine.

## Cén cuspóir atá leis na léarscáileanna seo?

Tá sé mar chuspóir leis na léarscáileanna seo na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt:

- *Cá mhéad áit a d'fhéadfainn a shroicheadh ó gach áit, laistigh de thréimhse réasúnach ama?*
- *Conas a bheadh sé sin difriúil leis na háiteanna ar féidir liom dul chucu faoi láthair?*

Moltar don léitheoir a léarscáil féin a dhéanamh d'aon áit i nGaillimh, in Órán Mór nó i mBearna trí Amharcóir ar líne an Dréacht-Ghréasáin Nua a úsáid.

## Toimhdí

**Tá tú ag siúl agus ag úsáid iompar poiblí.** Léirítear ar na léarscáileanna an feabhsú sa ghréasán bus, agus an Dréacht-Ghréasán Nua á chur i gcomparáid leis an nGréasán atá ann cheana. Níl comparáid á déanamh acu idir an carr nó an rothar agus an t-iompar poiblí.

**Siúlann tú ar luas measartha.** Ar na léarscáileanna, glactar le luas siúil atá cothrom le méadar amháin in aghaidh an tsoicind, rud atá measartha mall d'aosach atá ar lánchumas agus nach bhfuil aon lagú air nó uirthi. Cuirtear san áireamh ansin nithe ar féidir leo daoine a mhoilliú, amhail trasrianta sráide.

**Ní shiúlfá ar feadh níos mó ná 30 nóiméad san iomlán** in aon turas aontreo. Cuirtear turais de shiúl na gcos ar áireamh, ní hamháin go stad bus, ach an bealach ar fad go ceann scríbe freisin, fiú, má bhíonn sé níos tapa an ceann scríbe sin a shroicheadh de shiúl na gcos ná mar a bhíonn sé de bhus. Mar sin féin, glactar leis go bhfuil an tréimhse siúil teoranta do 30 nóiméad in aghaidh an turais aontreo, ar ina dhiaidh a d'úsáidfí an bus (fiú i gcás go dtógfadh sé níos mó ama) nó nach bhféadfaí an ceann scríbe a shroicheadh.

**Bheadh an chuid is mó de stadanna bus lonnaithe sna háiteanna céanna ina bhfuil siad lonnaithe faoi láthair.** I gcásanna ina bhfuiltear ag freastal ar shráideanna nua nó ar shráideanna difriúla, ghlacamar roinnt toimhdí faoi cén áit a mbeadh na stadanna lonnaithe. Thiocfadh athrú ar láithreacha stad i lár na cathrach agus ar bhóithre in aice láimhe mar thoradh ar Nasc Traschathrach freisin.

Cé is moite de na cásanna sin, is ionann formhór na stadanna sa dá ghréasán.

**Ar an meán, bheifeá ag feitheamh le bus a úsáid ar feadh tréimhse ama is ionann agus leath mhinicíocht an bhus**, ar na cúiseanna a míníodh ar an leathanach roimhe. Mar shampla, i gcás go dtiocfaidh an bus gach 15 nóiméad, beidh aga feithimh 7.5 nóiméad agat ar an meán. I gcás go dtiocfaidh an bus gach 30 nóiméad, beidh aga feithimh 15 nóiméad agat ar an meán.

**Thaistealódh busanna ar luasanna atá cosúil leis na luasanna ar a dtaistealaíonn siad faoi láthair.** Mhéadófaí luasanna bus mar gheall ar Nasc Traschathrach. Sna léarscáileanna agus san anailís ar fad sa tuarascáil seo, áfach, glacadh le luasanna an lae inniu. Ba é an toradh a bheadh ar Nasc Traschathrach ná méaduithe níos airde fós ar rochtain ná mar a thuairiscítear anseo.

**Chómhalartófá dá bhfágfadh sé go mbeadh do thuras níos tapa ar an iomlán.** Áireofar le BusConnects na Gaillimhe deireadh a chur le táillí cómhalartaithe idir busanna uirbeacha.

**Dá gcómhalartófá, bheadh ort feitheamh leis an dara bus freisin.** Faoi mar a bheadh amhlaidh i gcás an chéad bhus, bheadh an t-aga feithimh a bhfuiltear ag glacadh leis cothrom le leath mhinicíocht an dara bealach bus.

**Tá tú ag taisteal le linn an lae ar lá le linn na seachtaine.** Tá léarscáileanna cosúla ann don Satharn agus don Domhnach, agus soláthraítear iad in Aguisín B. Chun méid an doiciméid a rialú, is comhad leithleach é Aguisín B.


# An Fhaiche Mhór

Cé chomh fada agus a d'fhéadfainn dul ón bhFaiche Mhór laistigh de thréimhse réasúnach ama?


**Am lae ar Laethanta le linn na Seachtaine**




## 30 nóiméad




## 45 nóiméad




# Ionad Siopadóireachta Gateway

Cé chomh fada agus a d'fhéadfainn dul ó Ionad Siopadóireachta Gateway laistigh de thréimhse réasúnach ama?


**Am lae ar Laethanta le linn na Seachtaine**




**30 nóiméad**




**45 nóiméad**




# Páirc an Chaisleáin

Cé chomh fada agus a d'fhéadfainn dul ó Bhóthar Pháirc an Chaisleáin laistigh de thréimhse réasúnach ama?


**Am lae ar Laethanta le linn na Seachtaine**




## 30 nóiméad




## 45 nóiméad




# Bóthar na Trá

Cé chomh fada agus a d'fhéadfainn dul ó Bhóthar na Trá laistigh de thréimhse réasúnach ama?

**Am lae ar Laethanta le linn na Seachtaine**




## 30 nóiméad




## 45 nóiméad



# Méaduithe sa Rochtain ar Fud na Cathrach

Maidir leis na feabhsuithe rochtana a thiocfadh as an Dréacht-Ghréasán Nua, anailísíodh iad ó thaobh na nithe seo a leanas de:

- Turais ó dhoras go doras a mhaireann 30 nóiméad nó níos lú agus a mhaireann 45 nóiméad nó níos lú.
- Buaicthráthanna tráchta agus meán lae.
- Laethanta le linn na seachtaine, an Satharn agus an Domhnach.
- Na cónaitheoirí uile agus na poist uile.
- Daoine nach bhfuil carr acu; cónaitheoirí na limistéar a bhfuil ard-díothacht shóisialta iontu; agus cónaitheoirí óga, dífhostaithe agus sinsearacha.

Tá sé tábhachtach na héagsúlachtaí agus na fophobail sin a anailísiú chun an dóigh a bhfreastalódh an gréasán ar éagsúlacht leathan na dturas a thógann muintir na Gaillimhe a thuairisciú. Dá ainneoin sin, tagann an iliomad torthaí as na héagsúlachtaí uile sin agus, chuige sin, cuirtear fothacar de na léarscáileanna iarmhartacha i láthair i gcorp na tuarascála seo.

Cé gur cinn scríbe thábhachtacha iad poist astu féin, tá comhghaol ann freisin idir iad agus na háiteanna a dtéann daoine chucu chun siopadóireacht a dhéanamh, chun sóisialú, chun seirbhísí a rochtain agus chun nithe eile a dhéanamh. Dá bhrí sin, is ionadaí iad do rochtain ar a lán cineálacha difriúla deise.

Ar **laethanta le linn na seachtaine**:

- D'fhéadfadh an meánchónaitheoir 38% **níos mó** de phoist a rochtain laistigh de thuras bus 30 nóiméad ó dhoras go doras agus 13% níos mó de phoist a rochtain laistigh de 45 nóiméad.
- Bheadh níos mó ná leath na gcónaitheoirí in ann **níos mó** post a rochtain laistigh de 30 nóiméad, agus ní fheicfeadh leath eile na gcónaitheoirí **aon athrú** ina rochtain ar phoist.
- Bheadh 83% de chónaitheoirí in ann **níos mó** post a rochtain laistigh de 45 nóiméad. Ní fheicfeadh 16% de chónaitheoirí **aon athrú**, agus ní **chaillfeadh** ach 1% de chónaitheoirí rochtain ar an líon céanna post laistigh de 45 nóiméad.

Leis an Dréacht-Ghréasán Nua, rachfaí chun tairbhe go sonrach do **chónaitheoirí aon limistéar díothachta sóisialta**, a léirítear i scáthanna oráiste ar an léarscáil ar leathanach 45:

- Bheadh cónaitheoirí i limistéir faoi fhíor-mhíbhuntáiste in ann 48% **níos mó** de phoist a rochtain laistigh de 30 nóiméad ar laethanta le linn na seachtaine, agus méaduithe cosúla ann ar an Satharn agus ar an Domhnach.
- I gcás rochtain ar phoist laistigh de 45 nóiméad, bheadh cónaitheoirí faoi mhíbhuntáiste in ann 14% **níos mó** de phoist a rochtain ar laethanta le linn na seachtaine agus ar an Satharn agus bheadh siad in ann 39% níos mó de phoist a rochtain ar an Domhnach.
- Is cinnte gur lú ná 0.5% atá an líon cónaitheoirí faoi mhíbhuntáiste a chaillfeadh rochtain ar phoist laistigh de 30 nóiméad, agus is figiúr é sin atá róbheag le tomhas.

Chuirfí feabhas ar rochtain ag an deireadh seachtaine:


- Bheadh an meánchónaitheoir in ann 43% **níos mó** de phoist a rochtain laistigh de 30 nóiméad, agus 14% **níos mó** de phoist a rochtain laistigh de 45 nóiméad, ar an Satharn.
- Ar an Domhnach, d'fhéadfadh an meánchónaitheoir 54% **níos mó** de phoist a rochtain laistigh de 30 nóiméad agus 29% **níos mó** de phoist a rochtain laistigh de 45 nóiméad.

Ar na léarscáileanna ar na leathanaigh seo a leanas, léirítear na hathruithe ar rochtain laistigh de 30 nóiméad ar laethanta le linn na seachtaine, ar an Satharn agus ar an Domhnach le haghaidh limistéir i nGaillimh, i mBearna agus in Órán Mór.

- Léirítear ar an gcéad tacar léarscáileanna an t-athrú ar an rochtain ar phoist, bunaithe ar cén áit a gcónaíonn na cónaitheoirí.
- Léirítear an t-athrú céanna ar na torthaí rochtana ar an dara tacar léarscáileanna, ach iad bunaithe ar cén áit a bhfuil na poist lonnaithe.

Léarscáileanna ina léirítear athruithe ar rochtain laistigh de thurais 30 nóiméad nó 45 nóiméad i gcás aon limistéir, is féidir iad a dhéanamh tríd an léarscáil idirghníomhach ar líne atá nasctha ó www.busconnects.ie/galway.


# Léarscáil de Rochtain Cónaitheoirí ar Phoist ar Laethanta le linn na Seachtaine




Ag am lae ar laethanta le linn na seachtaine, **d'fhéadfadh an meánchónaitheoir 38% níos mó de phoist a rochtain** laistigh de thuras comaitéireachta 30 nóiméad ó dhoras go doras.

Bheadh rochtain ag **52% de chónaitheoirí** ar **níos mó** post ná mar atá amhlaidh leis an tseirbhís atá ann cheana (a léirítear mar phoncanna glasa ar an léarscáil seo). Bheadh rochtain ag **58%** de chónaitheoirí ar líon **cosúil** post (na poncanna liatha). Bheadh rochtain ag **níos lú ná 1%** de chónaitheoirí ar líon **níos lú** post (na poncanna labhandair).


# Léarscáil de Rochtain Cónaitheoirí ar Phoist ar an Satharn




Ag am lae ar an Satharn, **d'fhéadfadh an meánchónaitheoir 43% níos mó de phoist a rochtain** laistigh de thuras comaitéireachta 30 nóiméad ó dhoras go doras.

Bheadh rochtain ag **48% de chónaitheoirí** ar **níos mó** post ná mar atá amhlaidh leis an tseirbhís atá ann cheana (a léirítear mar phoncanna glasa ar an léarscáil seo). Bheadh rochtain ag **52%** de chónaitheoirí ar líon **cosúil** post (na poncanna liatha). Bheadh rochtain ag **níos lú ná 1%** de chónaitheoirí ar líon **níos lú** post (na poncanna labhandair).

# Léarscáil de Rochtain Cónaitheoirí ar Phoist ar an Domhnach





Ag am lae ar an Domhnach, **d'fhéadfadh an meánchónaitheoir 54% níos mó de phoist a rochtain*** laistigh de thuras comaitéireachta 30 nóiméad ó dhoras go doras.

Bheadh rochtain ag **46% de chónaitheoirí** ar **níos mó** post ná mar atá amhlaidh leis an tseirbhís atá ann cheana (a léirítear mar phoncanna glasa ar an léarscáil seo). Bheadh rochtain ag **51%** de chónaitheoirí ar líon **cosúil** post (na poncanna liatha).Bheadh rochtain ag **3%** de chónaitheoirí ar líon **níos lú** post (na poncanna labhandair).

*Aithneoidh an léitheoir a bhfuil luí aige nó aici leis an matamaitic gur cheart na meánmhéaduithe ar an rochtain ar phoist a thugtar le haghaidh cónaitheoirí i gcoibhneas le poist, agus le haghaidh poist i gcoibhneas le cónaitheoirí, a bheith comhionann (agus an uimhir a thugtar ar an léarscáil seo á cur i gcomparáid leis an uimhir a thugtar ar leathanach 86). Nochtar leis an neamhréir go bhfuilimid ag úsáid an fhocail "meánchónaitheoir" chun an t-athrú *airmheánach* laistigh den phobal a thuairisciú. Tá "airmheánach" ina léiriú níos fearr ar na hábhair imní atá ag daoine faoi athruithe ar an iompar poiblí, agus ar a n-eispéireas iontu sin. Tá sé doiligh an téarma a shainmhíniú don ghnáthléitheoir gan míniú rótheicniúil a thabhairt, áfach. Is é tuairim an údair ná go dtabharfadh an chuid is mó de ghnáthléitheoirí sainmhíniú ar "meánchónaitheoir" dóibh féin atá níos gaire don sainmhíniú matamaiticiúil ar "cónaitheoir airmheánach".


# Léarscáil de Rochtain Fostóirí ar Oibrithe ar Laethanta le linn na Seachtaine




Ag am lae ar Laethanta le linn na Seachtaine, **bheadh an meánphost insroichte ag 19% níos mó de chónaitheoirí** laistigh de thuras 30 nóiméad ó dhoras go doras.

Bheadh **72% de phoist** insroichte ag **níos mó** cónaitheoirí ná mar atá amhlaidh leis an tseirbhís atá ann cheana (a léirítear mar phoncanna glasa ar an léarscáil seo). Bheadh **28%** de phoist insroichte ag líon **cosúil** cónaitheoirí (na poncanna liatha).Bheadh **níos lú ná 1%** de phoist insroichte ag líon **níos lú** cónaitheoirí (na poncanna labhandair).


# Léarscáil de Rochtain Fostóirí ar Oibrithe ar an Satharn




Ag am lae ar an Satharn, **bheadh an meánphost insroichte ag 18% níos mó de chónaitheoirí** laistigh de thuras 30 nóiméad ó dhoras go doras.

Bheadh **78% de phoist** insroichte ag **níos mó** cónaitheoirí ná mar atá amhlaidh leis an tseirbhís atá ann cheana (a léirítear mar phoncanna glasa ar an léarscáil seo). Bheadh **22%** de phoist insroichte ag líon **cosúil** cónaitheoirí (na poncanna liatha).Bheadh **níos lú ná 1%** de phoist insroichte ag líon **níos lú** cónaitheoirí (na poncanna labhandair).

# Léarscáil de Rochtain Fostóirí ar Oibrithe ar an Domhnach




Ag am lae ar an Domhnach, **bheadh an meánphost insroichte ag 19% níos mó de chónaitheoirí** laistigh de thuras 30 nóiméad ó dhoras go doras.

Bheadh **57% de phoist** insroichte ag **níos mó** cónaitheoirí ná mar atá amhlaidh leis an tseirbhís atá ann cheana (a léirítear mar phoncanna glasa ar an léarscáil seo). Bheadh **42%** de phoist insroichte ag líon **cosúil** cónaitheoirí (na poncanna liatha).Bheadh **1%** de phoist insroichte ag líon **níos lú** cónaitheoirí (na poncanna labhandair).

# Gaireacht do Sheirbhís de Mhinicíochtaí Éagsúla

Ar an gcéad cheithre leathanach eile, léirítear i ngrafaicí cé na hathruithe a thiocfadh ar a ghaire a bheadh daoine do sheirbhís bus mar gheall ar an Dréacht-Ghréasán Nua.

Rinneadh an anailís sin le haghaidh gach cónaitheora agus le haghaidh cónaitheoirí atá i staideanna sonracha: na daoine sin atá ina gcónaí i limistéir ard-díothachta, seanóirí, agus teaghlaigh gan charr. Rinneadh an anailís chéanna le haghaidh post freisin.

## Fad Siúil

Meastar duine a bheith "gar" má tá sé nó sí faoi fhad siúil 400 m de stad bus. Tomhaistear an tsiúlóid sin feadh an ghréasáin coisithe agus, dá bhrí sin, tá sí íogair i leith bacainní amhail mótarbhealaí, limistéir cul-de-sac agus ballaí.

Is féidir leis an gcuid is mó de dhaoine 400 m a shiúl laistigh de thart ar chúig nóiméad. Ní bhíonn roinnt daoine in ann an fad sin a shiúl, bíodh sé sin amhlaidh an t-am ar fad nó in imthosca áirithe (amhail nuair atáthar ag iompar pacáistí nó ag déileáil le leanaí beaga). Siúlann daoine eile ar feadh tréimhse i bhfad níos faide ná cúig nóiméad ar bhonn tráthrialta agus bheadh siad sásta siúl ar feadh tréimhse níos faide fós chun iompar poiblí a shroicheadh, go háirithe má bhíonn sé minic, tapa agus iontaofa.

Ní féidir teorainn faid siúil amháin, ná roinnt fad siúil, fiú, a shocrú lena léirítear éagsúlacht mhór na gcumas siúil agus na mianta siúil atá ann i measc mhuintir na Gaillimhe. Chun an Dréacht-Ghréasán nua a anailísiú, glactar le siúlóid cúig nóiméad.

## Minicíochtaí de réir an Ama den lá agus den tSeachtain

Rinneadh an líon cónaitheoirí agus post atá laistigh de 400 m ó sheirbhís a thomhas ag na hamanna seo:


- Meán lae ar laethanta le linn na seachtaine, agus an tseirbhís a thairgtear idir buaicthráthanna tráchta na maidine agus an tráthnóna á léiriú. I gcás a lán bealaí, is é sin an leibhéal céanna seirbhíse a thairgtear go luath ar maidin agus sa tráthnóna.
- An buaicthráth tráchta ar laethanta le linn na seachtaine. Tairgeann formhór na mbealaí atá ann cheana na minicíochtaí céanna ag buaicthráth tráchta na maidine is a thairgeann siad ag buaicthráth tráchta an tráthnóna. Mar sin féin, tá difríochtaí beaga ann agus, chun bheith cruinn de, thógamar buaicthráth tráchta an tráthnóna mar an t-am a ndearnadh comparáid leis.
- Meán lae ar an Satharn, agus an tseirbhís a thairgtear le linn an chuid is mó den lá á léiriú.
- Meán lae ar an Domhnach, agus an tseirbhís a thairgtear le linn an chuid is mó den lá á léiriú.


Tá léarscáileanna beaga ag gabháil leis na cairteacha ar gach leathanach. Dathchódaítear na bealaí ar na léarscáileanna sin chun léiriú amhairc a thabhairt ar mhinicíocht na ngréasán le linn gach ceann de na ceithre cinn de laethanta agus amanna sin.

# Am Lae ar Laethanta le linn na Seachtaine





Teastaíonn ó chuid mhór daoine taisteal ar fud an lae, de bhreis ar bhuaicthráthanna tráchta, cibé acu a bhíonn siad ag teacht abhaile ó sheal luath oibre, ag fágáil na hoibre nó na scoile go luath, ag dul chuig cruinniú nó ag déanamh teachtaireachtaí.




## Am Lae ar Lá le linn na Seachtaine sa Ghréasán atá ann cheana





## Eochair na léarscáile:

**Tagann an bus thart gach ...**

- 10 nóiméad
- 15 nóiméad
- 20 nóiméad
- 30 nóiméad
- 60 nóiméad
- Tréimhse is faide ná 60 nóiméad

## Eochair an ghraif:


Faoi fhad siúil 400 m de bhusanna a thagann thart




Léirítear sa ghraf ar chlé an céatadán de chónaitheoirí agus de phoist sa limistéar staidéir atá lonnaithe faoi fhad siúil 400 méadar den iompar poiblí, agus minicíocht an iompair phoiblí, ag am lae ar laethanta le linn na seachtaine.

Léirítear sa ghraf ar dheis an tslat tomhais chéanna don Dréacht-Ghréasán Nua.


## Am Lae ar Lá le linn na Seachtaine sa Dréacht-Ghréasán Nua




# An Buaicthráth Tráchta ar Laethanta le linn na Seachtaine





Is minic a chomhfhreagraíonn buaicthráthanna tráchta don bhuaicmhéid taistil, toisc go ndéanann a lán oibrithe oifige turas chun na hoibre agus turas abhaile aisti lena linn. Chomh maith leis sin, déanann a lán daoine teachtaireachtaí agus iad ag dul chun na hoibre nó na scoile nó ag teacht abhaile astu.




## Buaicthráth Tráchta an Tráthnóna ar Lá le linn na Seachtaine sa Ghréasán atá ann cheana





## Eochair na léarscáile:

**Tagann an bus thart gach ...**

- 10 nóiméad
- 15 nóiméad
- 20 nóiméad
- 30 nóiméad
- 60 nóiméad
- Tréimhse is faide ná 60 nóiméad

## Eochair an ghraif:


Faoi fhad siúil 400 m de bhusanna a thagann thart




Léirítear sa ghraf ar chlé an céatadán de chónaitheoirí agus de phoist sa limistéar staidéir atá lonnaithe faoi fhad siúil 400 méadar den iompar poiblí, agus minicíocht an iompair phoiblí, le linn Bhuaicthráth Tráchta an tráthnóna ar laethanta le linn na seachtaine.

Léirítear sa ghraf ar dheis an tomhas céanna don Dréacht-Ghréasán Nua.


## Buaicthráth Tráchta an Tráthnóna ar Lá le linn na Seachtaine sa Dréacht-Ghréasán Nua




# Am Lae ar an Satharn





Tá fás tagtha ar thaisteal ag an deireadh seachtaine le roinnt mhaith blianta anuas. De bhreis ar thaisteal le haghaidh teachtaireachtaí nó sóisialú a dhéanamh, déanann a lán oibrithe miondíola, seirbhíse agus fáilteachais comaitéireacht ag an deireadh seachtaine freisin.




## Am Lae ar an Satharn sa Ghréasán atá ann cheana




## Eochair na léarscáile:

Tagann an bus thart gach ...

- 10 nóiméad
- 15 nóiméad
- 20 nóiméad
- 30 nóiméad
- 60 nóiméad
- Tréimhse is faide ná 60 nóiméad

## Eochair an ghraif:


Faoi fhad siúil 400 m de bhusanna a thagann thart

| 15 nóiméad nó níos minice | 20 nóiméad | 30 nóiméad | 40-60 nóiméad | 60+ nóiméad | Níos mó ná 400 m ó sheirb |
|---|---|---|---|---|---|

Léirítear sa ghraf ar chlé an céatadán de chónaitheoirí agus de phoist sa limistéar staidéir atá lonnaithe faoi fhad siúil 400 méadar den iompar poiblí, agus minicíocht an iompair phoiblí, ag am lae ar an Satharn.

Léirítear sa ghraf ar dheis an tomhas céanna don Dréacht-Ghréasán Nua.


## Am Lae ar an Satharn sa Dréacht-Ghréasán Nua




# Am Lae ar an Domhnach





De réir mar a athraíonn traidisiúin ar an Domhnach, bíonn tuilleadh daoine ag iarraidh taisteal chun gach críche. Bíonn sealanna ag an deireadh seachtaine le cur isteach uaireanta i bpoist thionsclaíocha freisin.




## Am Lae ar an Domhnach sa Ghréasán atá ann cheana





## Eochair na léarscáile:

**Tagann an bus thart gach ...**

- 10 nóiméad
- 15 nóiméad
- 20 nóiméad
- 30 nóiméad
- 60 nóiméad
- Tréimhse is faide ná 60 nóiméad

## Eochair an ghraif:


Faoi fhad siúil 400 m de bhusanna a thagann thart




Léirítear sa ghraf ar chlé an céatadán de chónaitheoirí agus de phoist sa limistéar staidéir atá lonnaithe faoi fhad siúil 400 méadar den iompar poiblí, agus minicíocht an iompair phoiblí, ag am lae ar an Domhnach.

Léirítear sa ghraf ar dheis an tomhas céanna don Dréacht-Ghréasán Nua.

## Am Lae ar an Domhnach sa Dréacht-Ghréasán Nua



# Aguisín A

## Táblaí Téacsbhunaithe de Mhinicíochtaí Bealaigh de réir an Ama den Lá

# Minicíochtaí agus Raonta an Ghréasáin atá ann cheana (Téacs)

| Bealach | Laethanta le linn na seachtaine agus an Satharn ó 5 am go dtí 8 pm | Laethanta le linn na seachtaine agus an Satharn ó 8 pm go dtí 5 am | An Domhnach ó 5 am go dtí 8 pm | An Domhnach ó 8 pm go dtí 5 am | Nótaí |
|---|---|---|---|---|---|
| Bealach 401 idir Bóthar na Trá agus an Pháirc Mhór tríd an bhFaiche Mhór | Gach 20 nóiméad ó 6 am go dtí 7 pm | Gach 20 nóiméad ó 7 pm go dtí 12 am meán oíche | Gach 20 nóiméad ó 7 am go dtí 7 pm | Gach 20 nóiméad ó 7 pm go dtí 12 am meán oíche | |
| Bealach 402 idir Círín na Mara agus Páirc Mhuirlinne tríd an bhFaiche Mhór | Líon teoranta turas ó 6 am go dtí 7 am, agus ansin gach 30 nóiméad ó 7 am go dtí 7 pm | Gach 60 nóiméad ó 7 pm go dtí 11 pm | Gach 60 nóiméad ó 8 am go dtí 7 pm | Gach 60 nóiméad ó 7 pm go dtí 11 pm | |
| Bealach 404 idir an Caisleán Nua agus Órán Mór tríd an bhFaiche Mhór | Gach 30 nóiméad ó 6 am go dtí 7 pm | Gach 30 nóiméad ó 7 pm go dtí 12 am meán oíche | Gach 30 nóiméad ó 8 am go dtí 7 pm | Gach 30 nóiméad ó 7 pm go dtí 12 am meán oíche | |
| Bealach 405 idir Rathún agus an Baile Bán tríd an bhFaiche Mhór | Gach 20 nóiméad ó 6 am go dtí 7 pm | Gach 40 nóiméad ó 7 pm go dtí 12 am meán oíche | Gach 40 nóiméad ó 8 am go dtí 7 pm | Gach 40 nóiméad ó 7 pm go dtí 11 pm | |
| Bealach 407 idir an Fhaiche Mhór agus Bóthar an Chóiste | Líon teoranta turas ó 6 am go dtí 7 am, agus ansin gach 30 nóiméad ó 7 am go dtí 7 pm | Gach 60 nóiméad ó 7 pm go dtí 11 pm | Líon teoranta turas ó 8 am go dtí 9 am, agus ansin gach 60 nóiméad ó 9 am go dtí 7 pm | Gach 60 nóiméad ó 7 pm go dtí 11 pm | |
| Bealach 409 idir an Fhaiche Mhór agus an Pháirc Mhór trí Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo | Gach 15 nóiméad ó 6 am go dtí 7 am, agus ansin gach 10 nóiméad ó 7 am go dtí 7 pm | Gach 15 nóiméad ó 7 pm go dtí 12 am meán oíche | Gach 30 nóiméad ó 7 am go dtí 11 am, agus ansin gach 15 nóiméad ó 11 am go dtí 7 pm | Gach 15 nóiméad ó 7 pm go dtí 12 am meán oíche | |
| Bealach 410 idir Bóthar na Ceapaí agus an Fhaiche Mhór trí Bhóthar na Trá | Gach 60 nóiméad ó 8 am go dtí 5 pm | Gan aon seirbhís ag an am seo | Gan aon seirbhís ag an am seo | Gan aon seirbhís ag an am seo | |

| Bealach | Laethanta le linn na seachtaine agus an Satharn ó 5 am go dtí 8 pm | Laethanta le linn na seachtaine agus an Satharn ó 8 pm go dtí 5 am | An Domhnach ó 5 am go dtí 8 pm | An Domhnach ó 8 pm go dtí 5 am | Nótaí |
|---|---|---|---|---|---|
| Bealach 411 idir Bóthar na Ceapaí agus an Fhaiche Mhór tríd an Taobh Thiar | Gach 30 nóiméad ó 7 am go dtí 7 pm | Gach 30 nóiméad ó 7 pm go dtí 11 pm | Gach 60 nóiméad ó 11 am go dtí 12 pm meán lae, agus ansin gach 30 nóiméad ó 12 pm meán lae go dtí 8 pm | Gach 60 nóiméad ó 8 pm go dtí 9 pm | |
| Bealach 412 idir Bóthar na Ceapaí agus an Fhaiche Mhór trí Pháirc Miondíola Gateway | Gach 30 nóiméad ó 7 am go dtí 5 pm, agus ansin líon teoranta turas ó 5 pm go dtí 6 pm | Gan aon seirbhís ag an am seo | Gan aon seirbhís ag an am seo | Gan aon seirbhís ag an am seo | |
| Bealach 424 idir Bearna agus Stáisiún an Cheanntaigh, Gaillimh | Thart ar gach 90 nóiméad ó 7 am go dtí 7 pm | Gach 90 nóiméad ó 7 pm go dtí 10 pm | Líon teoranta turas ó 7 am go dtí 7 pm | Gan aon seirbhís ag an am seo | In amanna, soláthraítear turais áirithe sa bhuaicthreo ar bhonn níos minice ná 90 nóiméad óna chéile. Leanann Bealach 424 ar aghaidh i ndiaidh Bhearna go dtí an Cheathrú Rua, go Leitir Mealláin agus go Carna. |

# Miniciúochtaí agus Raonta an Dréacht-Ghréasáin Nua (Téacs)

| An Bealach atá Beartaithe | Laethanta le linn na seachtaine agus an Satharn ó 5 am go dtí 8 pm | Laethanta le linn na seachtaine agus an Satharn ó 8 pm go dtí 5 am | An Domhnach ó 5 am go dtí 8 pm | An Domhnach ó 8 pm go dtí 5 am | Nótaí |
|---|---|---|---|---|---|
| Bealach 1 idir Gateway agus an Pháirc Mhór trí Lár na Cathrach | Gach 20 nóiméad ó 6 am go dtí 7 am, agus ansin gach 15 nóiméad ó 7 am go dtí 8 pm | Gach 20 nóiméad ó 8 pm go dtí 12 am meán oíche | Gach 20 nóiméad ó 6 am go dtí 8 pm | Gach 20 nóiméad ó 8 pm go dtí 12 am meán oíche | |
| Bealach 3 idir Gateway agus Eastát Tionscail Bhaile an Bhriotaigh trí Lár na Cathrach | Gach 30 nóiméad ó 6 am go dtí 7 am, agus ansin gach 20 nóiméad ó 7 am go dtí 8 pm | Gach 60 nóiméad ó 8 pm go dtí 12 am meán oíche | Gach 60 nóiméad ó 7 am go dtí 10 am, agus ansin gach 30 nóiméad ó 10 am go dtí 8 pm | Gach 60 nóiméad ó 8 pm go dtí 11 pm | |
| Bealach 4 idir Gateway agus Páirc Mhuirlinne trí Lár na Cathrach | Gach 30 nóiméad ó 6 am go dtí 8 pm | Gach 30 nóiméad ó 8 pm go dtí 12 am meán oíche | Gach 30 nóiméad ó 7 am go dtí 8 pm | Gach 30 nóiméad ó 8 pm go dtí 12 am meán oíche | |
| Bealach 7 idir Bóthar na Ceapaí agus an Caisleán Gearr trí Lár na Cathrach | Gach 30 nóiméad ó 6 am go dtí 7 am, agus ansin gach 20 nóiméad ó 7 am go dtí 8 pm | Gach 20 nóiméad ó 8 pm go dtí 12 am meán oíche | Gach 60 nóiméad ó 7 am go dtí 10 am, agus ansin gach 20 nóiméad ó 10 am go dtí 8 pm | Gach 60 nóiméad ó 8 pm go dtí 11 pm | |
| Bealach 9 idir Cnoc na Cathrach agus an Pháirc Mhór trí Lár na Cathrach | Gach 60 nóiméad ó 5 am go dtí 6 am, agus ansin gach 15 nóiméad ó 6 am go dtí 7 am, agus ansin gach 10 nóiméad ó 7 am go dtí 8 pm | Gach 15 nóiméad ó 8 pm go dtí 12 am meán oíche, agus ansin gach 60 nóiméad ó 12 am meán oíche go dtí 5 am | Gach 60 nóiméad ó 5 am go dtí 6 am, agus ansin gach 60 nóiméad ó 6 am go dtí 7 am, agus ansin gach 15 nóiméad ó 7 am go dtí 8 pm | Gach 15 nóiméad ó 8 pm go dtí 12 am meán oíche, agus ansin gach 60 nóiméad ó 12 am meán oíche go dtí 5 am | Soláthraíonn Bealach 9 seirbhís 24 huaire an chloig a leanann craobh 9A. |

| An Bealach atá Beartaithe | Laethanta le linn na seachtaine agus an Satharn ó 5 am go dtí 8 pm | Laethanta le linn na seachtaine agus an Satharn ó 8 pm go dtí 5 am | An Domhnach ó 5 am go dtí 8 pm | An Domhnach ó 8 pm go dtí 5 am | Nótaí |
|---|---|---|---|---|---|
| Bealach 9A idir Bóthar na Ceapaí agus an Pháirc Mhór trí Lár na Cathrach | Gach 60 nóiméad ó 5 am go dtí 6 am, agus ansin gach 30 nóiméad ó 6 am go dtí 7 am, agus ansin gach 20 nóiméad ó 7 am go dtí 8 pm | Gach 30 nóiméad ó 8 pm go dtí 12 am meán oíche, agus ansin gach 60 nóiméad ó 12 am meán oíche go dtí 5 am | Gach 60 nóiméad ó 5 am go dtí 7 am, agus ansin gach 30 nóiméad ó 7 am go dtí 8 pm | Gach 30 nóiméad ó 8 pm go dtí 12 am meán oíche, agus ansin gach 60 nóiméad ó 12 am meán oíche go dtí 5 am | Oibreoidh Bealach 9A ar feadh 24 huaire an chloig sa lá |
| Bealach 9B idir Bóthar Bhaile an Mhóinín Uachtarach agus an Pháirc Mhór trí Lár na Cathrach | Gach 30 nóiméad ó 6 am go dtí 7 am, agus ansin gach 20 nóiméad ó 7 am go dtí 8 pm | Gach 30 nóiméad ó 8 pm go dtí 12 am meán oíche | Gach 60 nóiméad ó 6 am go dtí 7 am, agus ansin gach 30 nóiméad ó 7 am go dtí 8 pm | Gach 30 nóiméad ó 8 pm go dtí 12 am meán oíche | |
| Bealach 10 idir Bóthar an Bhóthair Aird agus Órán Mór trí Lár na Cathrach | Gach 30 nóiméad ó 6 am go dtí 7 am, agus ansin gach 15 nóiméad ó 7 am go dtí 8 pm | Gach 30 nóiméad ó 8 pm go dtí 12 am meán oíche | Gach 30 nóiméad ó 6 am go dtí 8 pm | Gach 30 nóiméad ó 8 pm go dtí 12 am meán oíche | Comhcheanglaíonn craobhacha 10A agus 10B lena chéile chun seirbhís a sholáthar gach 15 nóiméad idir Gaillimh agus Órán Mór |
| Bealach 10A idir Leisureland agus Órán Mór trí Bhóthar Isteach an Oirthir | Gach 60 nóiméad ó 6 am go dtí 7 am, agus ansin gach 30 nóiméad ó 7 am go dtí 8 pm | Gach 60 nóiméad ó 8 pm go dtí 12 am meán oíche | Gach 60 nóiméad ó 6 am go dtí 8 pm | Gach 60 nóiméad ó 8 pm go dtí 12 am meán oíche | Comhcheanglaíonn craobhacha 10A agus 10B lena chéile chun seirbhís a sholáthar gach 15 nóiméad idir Gaillimh agus Órán Mór |

| An Bealach atá Beartaithe | Laethanta le linn na seachtaine agus an Satharn ó 5 am go dtí 8 pm | Laethanta le linn na seachtaine agus an Satharn ó 8 pm go dtí 5 am | An Domhnach ó 5 am go dtí 8 pm | An Domhnach ó 8 pm go dtí 5 am | Nótaí |
|---|---|---|---|---|---|
| Bealach 10B idir Gateway agus Órán Mór trí Ros Cam | Gach 60 nóiméad ó 6 am go dtí 7 am, agus ansin gach 30 nóiméad ó 7 am go dtí 8 pm | Gach 60 nóiméad ó 8 pm go dtí 12 am meán oíche | Gach 60 nóiméad ó 6 am go dtí 8 pm | Gach 60 nóiméad ó 8 pm go dtí 12 am meán oíche | Comhcheanglaíonn craobhacha 10A agus 10B lena chéile chun seirbhís a sholáthar gach 15 nóiméad idir Gaillimh agus Órán Mór |
| Bealach 424 idir Bearna agus Stáisiún an Cheanntaigh, Gaillimh | Gach 60 nóiméad ó 7 am go dtí 7 pm | Gan aon seirbhís ag an am seo | Gach 60 nóiméad ó 8 am go dtí 7 pm | Gan aon seirbhís ag an am seo | Leanann Bealach 424 ar aghaidh i ndiaidh Bhearna go dtí an Cheathrú Rua, go Leitir Mealláin agus go Carna. Is sa tionscnamh ‘Éire a Nascadh’ a phleanálfar mionsonraí faoin tseirbhís níos faide sin. |